TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
PITRUZZELLA
arna tabhairt an 20 Eanáir 2022[1]

Cásanna Uamtha C-37/20 agus C-601/20

WM (C-37/20)
Sovim SA (C-601/20)
v
Luxembourg Business Registers

(Iarrataí ar réamhrialú ón tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg))

(Tarchur chun réamhrialú – Úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc – Treoir (AE) 2015/849 – Airteagal 30(5) agus (9) – Clár na n-úinéirí tairbhiúla – Treoir (AE) 2018/843 – Airteagal 1(15)(c) agus (g) – Rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla – Bailíocht – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 7 agus 8 – Prionsabal na trédhearcachta – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 5(1)(a) go (c) agus (f) – Díolúintí ón rochtain ar chlár na n-úinéirí tairbhiúla – Coinníollacha – Coincheapa "imthosca eisceachtúla", "baol" agus "baol díréireach" – Cruthúnas)

1. Cad í an chothromaíocht cheart idir, ar thaobh amháin, ceanglas na trédhearcachta maidir le húinéirí tairbhiúla agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach, ag a bhfuil ról lárnach i sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus, ar an taobh eile, cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann a urramú, eadhon úinéirí tairbhiúla agus, go háirithe, a gcearta maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta?

2. Is í sin, go bunúsach, an tsaincheist chriticiúil atá os comhair na Cúirte sa dá chás atá ina n-ábhar don Tuairim seo maidir le dhá iarraidh ar réamhrialú ón tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg).

3. Baineann an dá iarraidh seo le bailíocht agus léirmhíniú Airteagal 30(5) agus (9) de Threoir (AE) 2015/849,[2] arna leasú le Treoir (AE) 2018/843[3] ("Treoir 2015/849"). Leis an Treoir sin, bunaíodh córas rochtana poiblí ar chláir d'úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na

1 Bunteanga: an Fhraincis.

2 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO 2015 L 141, lch. 73).

3 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2015/849 (IO 2018 L 156, lch. 43).

n-eintiteas dlíthiúil eile arna n-ionchorprú i gcríocha na mBallstát lena dtugtar, i bprionsabal, an deis d'aon duine den phobal i gcoitinne rochtain a bheith acu ar chuid den fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla atá ar na cláir sin gan aon ghá le cruthú gurb ann d'aon leas.

4. Tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi bhailíocht an chórais sin i bhfianaise na gceart bunúsach maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"), faoi seach. Tá an chúirt sin in amhras freisin faoi bhailíocht agus raon feidhme an chórais d'eisceachtaí ar rochtain phoiblí, arna bhunú leis an Treoir sin.

5. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais seasamh a ghlacadh freisin maidir leis an idirghníomhaíocht idir an córas rochtana poiblí sin agus roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2016/679. [4]

I. An dlí

A. Dlí an Aontais

1. Treoracha 2015/849 agus 2018/843

6. De réir aithris 2 de Threoir 2015/849, "d'fhéadfaí fóntacht, sláine agus cobhsaíocht institiúidí creidmheasa agus airgeadais, mar aon leis an muinín as an gcóras airgeadais sin ar fad a chur i mbaol de dheasca iarrachtaí ó choirpigh agus a gcomhpháirtithe bréagriocht a chur ar fhoinse a gcuid fáltas ó choireacht nó chun sceimhlitheoireacht a spreagadh trí shreabha airgid dleathacha nó aindleathacha". Dá bhrí sin, i gcomhréir le haithris 12 den Treoir sin, is gá "aon duine nádúrtha ar leis eintiteas dlíthiúil nó a bhfuil rialú á fheidhmiú aige air a shainaithint" [aistriúcháin neamhoifigiúla].

7. De réir aithris 14 de Threoir 2015/849, "an gá atá le faisnéis chruinn agus chothrom le dáta ar an úinéir tairbhiúil, is príomhthoisc é i rianú coirpeach a d'fhéadfadh, ar shlí eile, a bheith ábalta a gcéannacht a cheilt laistiar de struchtúr corparáideach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh agus go sealbhóidh eintitis arna n-ionchorprú ina gcríoch i gcomhréir leis an dlí náisiúnta faisnéis leormhaith, chruinn agus reatha maidir lena n-úinéirí tairbhiúla, chomh maith le faisnéis bhunúsach amhail ainm agus seoladh an eintitis chorparáidigh agus cruthúnas ar chorprú agus ar úinéireacht dhlíthiúil. D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú chun mí-úsáid a bhaint as eintitis dhlíthiúla a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla á stóráil i gclár lárnach atá suite lasmuigh den eintiteas corparáideach, i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais. [...]" [aistriúchán neamhoifigiúil].

[4] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, "RGCS").

8. Sa chomhthéacs sin, sainmhínítear in Airteagal 3(6) de Threoir 2015/849 an coincheap "úinéir tairbhiúil" chun críocha na Treorach sin mar "an duine nó na daoine nádúrtha ar leis/leo, nó a rialaíonn, faoi dheoidh, an custaiméir agus/nó an duine nó na daoine nádúrtha a ndéantar idirbheart nó gníomhaíocht thar a gceann agus lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) i gcás eintiteas corparáideach:

(i) an duine nó na daoine nádúrtha ar leis/leo nó a rialaíonn eintiteas dlíthiúil faoi dheoidh, de bhua a n-úinéireachta dírí nó indírí ar chéatadán leordhóthanach scaireanna nó ar chearta vótála nó trí leas úinéireachta san eintiteas sin [...]" [5]

[aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Faoi Airteagal 30 de Threoir 2015/849: [6]

"1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ceanglas ar eintitis chorparáideacha agus ar eintitis dhlíthiúla eile arna n-ionchorprú ina gcríoch faisnéis leormhaith, chruinn agus reatha maidir lena n-úinéirí tairbhiúla, lena n-áirítear sonraí maidir le leasanna tairbhiúla a shealbhaítear, a fháil agus a shealbhú. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear sáruithe ar an Airteagal seo faoi réir bearta nó smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.

[...]

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a shealbhú i gclár lárnach i ngach Ballstát [...]

4. Ceanglóidh na Ballstáit go bhfuil an fhaisnéis atá stóráilte ar an gclár lárnach dá dtagraítear i mír 3 leormhaith, cruinn agus reatha, agus cuirfidh siad sásraí ar bun chun na críche sin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis maidir leis an úinéireacht thairbhiúil i ngach cás:

(a) ag údaráis inniúla agus ag [Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna)], gan aon srian;

(b) ag eintitis faoi oibleagáid, faoi chuimsiú dícheall cuí custaiméara i gcomhréir le Caibidil II;

(c) ag aon duine den phobal i gcoitinne.

Beidh rochtain ag na daoine dá dtagraítear i bpointe (c) ar a laghad ar ainm, mí agus bliain bhreithe, agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil chomh maith le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear.

Féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha a chinnfear leis an dlí náisiúnta, foráil a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis bhreise lena gcumasófar an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint.

[5] Sonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 3(6)(a)(i) "gur cosúil, i gcás scairshealbhóireacht de 25 % de na scaireanna móide a haon, nó leas úinéireachta de níos mó ná 25 % sa chustaiméir, arna sealbhú ag duine nádúrtha, gur úinéireacht dhíreach atá ann. Is cosúil i gcás scairshealbhóireacht de 25 % móide a haon nó leas úinéireachta de níos mó ná 25 % sa chustaiméir, arna sealbhú ag eintiteas corparáideach, atá faoi rialú duine/daoine nádúrtha, nó ag roinnt eintitis chorparáideacha, atá faoi rialú an duine nó na ndaoine nádúrtha céanna, gur úinéireacht indíreach atá ann" [aistriúchán neamhoifigiúil].

[6] Le hAirteagal 1(15) de Threoir 2018/843, leasaíodh míreanna 1 go 7, 9 agus 10 de bhunleagan Airteagal 30 de Threoir 2015/849 agus cuireadh isteach mír 5a freisin.

Áireofar ar an bhfaisnéis bhreise sin ar a laghad an dáta breithe nó na sonraí teagmhála i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí.

5a. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh an fhaisnéis atá stóráilte ar na cláir lárnacha dá dtagraítear i mír 3 a chur ar fáil ar choinníoll clárú ar líne agus táille a íoc, ar táille é nach mó ná na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil, lena n-áirítear costais chothabhála agus forbartha an chláir.

[...]

9. In imthosca eisceachtúla a bheidh le leagan síos sa dlí náisiúnta, más rud é go ndéanfadh an rochtain dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 5 an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe, nó más rud é gur mionaoiseach an t-úinéir tairbhiúil nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí de, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain sin ar an bhfaisnéis go léir nó cuid di maidir leis na húinéirí tairbhiúla ar bhonn cás ar chás. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar díolúintí den sórt sin ar mheastóireacht mhionsonraithe ar chineál eisceachtúil na gcúinsí. Déanfar na cearta chun athbhreithniú riaracháin ar an gcinneadh maidir le díolúine agus ar leigheas breithiúnach éifeachtach a ráthú. Ballstát a bhfuil díolúintí deonaithe aige, foilseoidh sé sonraí staitistiúla bliantúla maidir le líon na ndíolúintí a deonaíodh agus na cúiseanna a luadh agus déanfaidh sé na sonraí sin a thuairisciú don Choimisiún [Eorpach].

Ní bheidh feidhm ag díolúintí a dheonófar de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais, ná maidir leis na heintitis faoi oibleagáid amhail dá dtagraítear i bpointe 3(b) d'Airteagal 2(1) arb oifigigh phoiblí iad.

[...]"

[aistriúchán neamhoifigiúil]

10. Faoi Airteagal 41(1) de Threoir 2015/849,[7] "beidh próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo faoi réir [RGCS]".

11. Faoi Airteagal 43(1) de Threoir 2015/849, "déanfar próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn na Treorach seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc amhail dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhreithniú mar ábhar ar díol spéise poiblí é faoi [RGCS]" [aistriúchán neamhoifigiúil].

[7] Leasaíodh an tAirteagal sin le Treoir (AE) 2019/2177 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019, lena leasaítear Treoir 2009/138/CE maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus leanúint den ghnó sin (Sócmhainneacht II), Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú (IO 2019 L 334, lch. 155).

2. RGCS

12. Foráiltear i mír 1 d'Airteagal 5 de RGCS, dar teideal "Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta":

"Maidir le sonraí pearsanta:

(a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí ('dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht');

(b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; [...] ('teorannú de réir cuspóra');

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil ('íoslaghdú sonraí');

[...]

(f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla ('sláine agus rúndacht')".

13. Foráiltear le hAirteagal 25(2) den Rialachán sin, dar teideal "Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú":

"Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread [próiseála a] dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair."

14. Cuimsítear Caibidil V in RGCS, dar teideal "Aistrithe sonraí pearsanta go tríú tíortha nó go heagraíochtaí idirnáisiúnta", ina n-áiritheofar Airteagail 44 go 50 den Rialachán sin. In Airteagal 44, dar teideal "Prionsabal ginearálta maidir le haistrithe", luaitear an méid seo a leanas:

"Aon sonraí pearsanta atá á bpróiseáil nó atá beartaithe lena bpróiseáil tar éis iad a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, ní dhéanfar iad a aistriú ach amháin má chomhlíonann an rialaitheoir agus an próiseálaí, faoi réir na bhforálacha eile atá sa Rialachán seo, na coinníollacha atá leagtha síos sa Chaibidil seo, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le sonraí pearsanta a aistriú ar aghaidh ón tríú tír nó ón eagraíocht idirnáisiúnta chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta eile. Cuirfear na forálacha ar fad sa Chaibidil seo i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbaintear an bonn den leibhéal cosanta do dhaoine nádúrtha a ráthaítear leis an Rialachán seo."

15. Foráiltear le hAirteagal 49 den Rialachán sin, dar teideal "Maoluithe i gcásanna sonracha":

"1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta de bhun Airteagal 45(3), nó in éagmais coimircí iomchuí de bhun Airteagal 46, lena n-áirítear rialacha ceangailteacha corparáideacha, ní dhéanfar aistriú sonraí pearsanta ná sraith d'aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ar cheann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

[...]

(g) go ndéantar an t-aistriú ó chlár arna cheapadh, de réir dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit, chun faisnéis a chur ar fáil don phobal, ar clár é a fhéadfaidh an pobal i gcoitinne a cheadú nó a fhéadfaidh aon duine a thaispeánann leas dlisteanach a cheadú, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha maidir le comhairliúchán atá leagtha síos le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit comhlíonta sa chás áirithe.

[...]"

B. Dlí Lucsamburg

16. Foráiltear le hAirteagal 3 de Dhlí an 13 Eanáir 2019 lena mbunaítear Clár na nÚinéirí Tairbhiúla (*Mémorial* A 15) ("Dlí an 13 Eanáir 2019") nach mór sraith iomlán faisnéise maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas atá cláraithe a iontráil agus a stóráil i gClár na nÚinéirí Tairbhiúla. Áireofar an t-ainm, an céadainm nó céadainmneacha, an náisiúntacht nó náisiúntachtaí, an lá, mí agus bliain bhreithe, an áit bhreithe, an tír chónaithe agus an seoladh príobháideach sonrach nó seoladh gnó san fhaisnéis sin.

17. Foráiltear le hAirteagal 15 de Dhlí an 13 Eanáir 2019:

"(1) Féadfaidh eintiteas cláraithe nó úinéir tairbhiúil a iarraidh, cás ar chás agus sna himthosca eisceachtúla seo a leanas, ar bhonn iarraidh chuí-réasúnaithe chuig an mbainisteoir, go ndéantar rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3 a theorannú d'údaráis náisiúnta, institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus báillí agus nótairí a ghníomhaíonn ina gcáil oifigiúil amháin, más rud é go ndéanfadh an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe, nó i gcás inar mionaoiseach é an t-úinéir tairbhiúil nó ina bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí.

(2) Déanfaidh an bainisteoir an rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3 a theorannú go sealadach do na húdaráis náisiúnta amháin tar éis an iarraidh a fháil go dtí go ndéanfar a chinneadh a fhógairt agus, má dhiúltaítear don iarratas, go ceann 15 lá eile. I gcás ina ndéantar achomharc i gcoinne cinneadh diúltaithe, coinneofar an teorannú rochtana ar an bhfaisnéis go dtí nach bhféadfar achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh diúltaithe a thuilleadh.

[...]"

II. Fíorais, imeachtaí náisiúnta agus na ceisteanna arna dtarchur

A. Cás C-37/20

18. Is é WM an t-úinéir tairbhiúil ar ghrúpa de 35 chuideachta tráchtála agus an chuideachta eastáit réadaigh YO. Chuir gach ceann de na cuideachtaí sin iarraidh isteach chuig Luxembourg Business Registers ("LBR"), bainisteoir Chlár na nÚinéirí Tairbhiúla i Lucsamburg, de bhun Airteagal 15(1) de Dhlí an 13 Eanáir 2019, le go ndéanfaí rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le WM mar úinéir tairbhiúil na gcuideachtaí sin a theorannú do na hinstitiúidí agus na húdaráis a shonraítear san fhoráil sin, d'eisiamh gach duine eile. Sna hiarrataí sin, mhaígh WM go ndéanfadh foilsiú na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 3 de Dhlí an 13 Eanáir 2019 WM agus a theaghlach a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmhála, sractha, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe ar bhealach soiléir, dáiríre agus láithreach.

19. Dhiúltaigh LBR do na hiarrataí sin go léir. Go háirithe, diúltaíodh don iarraidh maidir leis an gcuideachta eastáit réadaigh YO le cinneadh an 20 Samhain 2019.

20. Rinne WM imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur.[8] D'áitigh WM go raibh air, mar gheall ar a ról mar oifigeach corparáideach na n-eintiteas corparáideach, a bhfuil teorannú rochtana ar fhaisnéis á iarraidh ina leith, taisteal go minic go tíortha a bhfuil córais pholaitiúla éagobhsaí agus ardleibhéil coiriúlachta acu. Cruthaítear leis sin an baol suntasach maidir le fuadach, príosúnú neamhdhleathach, foréigean agus fiú bás. Mhéadófaí an baol sin dá mbeadh a fhios ag daoine mailíseacha gurbh é an t-úinéir tairbhiúil ar cheachtar de na heintitis dhlítheanacha lena mbaineann, ós rud é go dtiocfadh toimhde úinéireachta ar na heintitis sin ina leith dá bharr.

21. Áitíonn LBR, ar an taobh eile, nach gcomhlíonann cás WM ceanglais Dhlí an 13 Eanáir 2019 lena dtugtar bonn cirt le teorainn ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann lena stádas mar úinéir tairbhiúil na n-eintiteas corparáideach atá i gceist. Maíonn LBR, go háirithe, gur ábhar eolais phoiblí í rannpháirtíocht WM i ngníomhaíochtaí na n-eintiteas corparáideach seo, ós rud é go bhfuil an iliomad tagairtí di sna meáin agus gur féidir í a fháil amach go héasca trí chuardach simplí ar an idirlíon.

22. Iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur breith a thabhairt le cinneadh an gcomhlíonann WM na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) de Dhlí an 13 Eanáir 2019 chun rochtain ar fhaisnéis a bhaineann lena stádas mar úinéir tairbhiúil na cuideachta eastáit réadaigh YO a theorannú. Tugann sí dá haire go bhfuil Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 á chur i bhfeidhm i ndlí Lucsamburg leis an bhforáil sin agus tá amhras uirthi maidir le léirmhíniú na forála sin den Treoir sin.

23. Baineann an t-amhras sin leis na coincheapa "imthosca eisceachtúla" agus "baol" dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849. Tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras freisin faoin gcritéar maidir le "díréir" an bhaoil lena dtugtar bonn cirt le rochtain ar fhaisnéis a theorannú.

[8] Is léir ón ordú tarchuir go bhfuil imeachtaí ar feitheamh os comhair bhreitheamh ceannais an dlísheomra tráchtála maidir leis na cinntí maidir le diúltú a bhaineann leis na cuideachtaí trádála eile.

24. Sa chomhthéacs sin, chinn an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú:

"(1) An coincheap 'imthosca eisceachtúla'

(a) An féidir Airteagal 30(9) de [Threoir 2015/849], a mhéid a chuirtear an teorannú rochtana ar fhaisnéis a bhaineann le húinéirí [tairbhiúla] faoi choinníoll ag 'imthosca eisceachtúla atá le sainmhíniú sa dlí náisiúnta' leis, a léirmhíniú mar airteagal lena n-údaraítear don dlí náisiúnta an coincheap 'imthosca eisceachtúla' a shainmhíniú ar chaoi arb ionann é agus 'baol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe' amháin, ar coincheapa iad atá mar choinníoll cheana féin chun teorannú rochtana a chur i bhfeidhm trí fhoclaíocht [na forála sin]?

(b) Má tá freagra cheist 1(a) diúltach, agus mura bhfuil an coincheap 'imthosca eisceachtúla' sainmhínithe ag an dlí náisiúnta trasuite seachas trí thagairt a dhéanamh do na coincheapa neamhoibríocha de 'b[h]aol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin nó imeaglaithe', an mbeadh sé de dhíth Airteagal 30(9) [de Threoir 2015/849] a léirmhíniú amhail go bhfágtar leis gur féidir leis an gcúirt náisiúnta neamhaird a dhéanamh den cheanglas maidir le '[h]imthosca eisceachtúla', nó an gcaithfeadh sí mainneachtain an reachtóra náisiúnta é sin a dhéanamh a chúiteamh trí raon feidhme an choincheapa 'imthosca eisceachtúla' a chinneadh go breithiúnach? I gcás freagra diúltach, ós rud é, de réir théarmaí Airteagal 30(9) [den Treoir seo], gur coinníoll é seo a gcinntear a ábhar leis an dlí náisiúnta, an bhféadfadh an Chúirt [...] treoir a thabhairt don chúirt náisiúnta ina cuid oibre? Má thugtar freagra dearfach ar an gceist dheireanach seo, cad iad na treoirlínte nach mór a threorú don chúirt náisiúnta agus í ag cinneadh ábhar an choincheapa 'imthosca eisceachtúla'?

(2) An coincheap 'baol'

(a) Ar cheart Airteagal 30(9) de [Threoir 2015/849], a mhéid a chuirtear teorannú rochtana ar fhaisnéis a bhaineann le húinéirí [tairbhiúla] faoi na coinníollacha 'baol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin nó imeaglaithe' leis, a léirmhíniú mar thagairt do shraith d'ocht gcás, ina dtéitear sa chéad cheann acu i ngleic le baol ginearálta atá faoi réir choinníoll na díréire, agus ina dtéitear sna seacht gcinn eile i ngleic le hábhair bhaoil shonracha nach bhfuil faoi réir choinníoll na díréire, nó mar thagairt do shraith de sheacht gcás, ina dtéitear i ngach ceann acu i ngleic le baol sonrach atá faoi réir choinníoll na díréire?

(b) Ar cheart Airteagal 30(9) de [Threoir 2015/849], a mhéid a chuirtear teorannú rochtana ar fhaisnéis a bhaineann le húinéirí [tairbhiúla] faoi réir an choinníll 'baol' leis, a léirmhíniú ar chaoi lena gcuirtear teorainn ar an measúnú maidir leis an mbaol sin a bheith ann agus maidir le méid an bhaoil sin do naisc an úinéara [thairbhiúil] leis an eintiteas dlíthiúil amháin atá sé ag iarraidh go sonrach go ndéanfar a rochtain a theorannú maidir le faisnéis a bhaineann lena stádas mar úinéir [tairbhiúil] nó ar chaoi lena gcuirtear naisc an úinéara [thairbhiúil] lena mbaineann le heintitis dhlíthiúla eile san áireamh? Más rud é nach mór na naisc le heintitis dhlíthiúla eile a chur san áireamh, ar cheart stádas an úinéara [thairbhiúil] i ndáil le heintitis dhlíthiúla eile amháin a chur san

áireamh nó ar cheart gach nasc le heintitis dhlíthiúla eile a chur san áireamh? Más rud é nach mór gach nasc le heintitis dhlíthiúla eile a chur san áireamh, an ndéanfadh nádúr an naisc sin difear don mheasúnú maidir leis an mbaol sin a bheith ann agus a mhéid?

(c) Ar cheart Airteagal 30(9) de [Threoir 2015/849], a mhéid a chuirtear teorannú rochtana ar fhaisnéis maidir le húinéirí [tairbhiúla] faoi réir an choinníll 'baol' leis, a léirmhíniú ar chaoi lena n-eisiatar an chosaint a thugtar le teorannú rochtana i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin, nó fianaise eile lenar chuir an t-úinéir tairbhiúil ar aghaidh chun bonn cirt a thabhairt don 'b[h]aol' lena mbaineann a bheith ann agus a mhéid, ar fáil go héasca don tríú páirtithe trí bhealaí faisnéise eile?

(3) An coincheap 'baol díréireach'

Cad iad na leasanna éagsúla atá le cur san áireamh i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 30(9) de [Threoir 2015/849], a mhéid a chuirtear teorannú rochtana ar fhaisnéis a bhaineann le húinéir [tairbhiúil] faoi réir choinníoll an bhaoil 'díréireach'?"

B. Cás C-601/20

25. Is cuideachta phoiblí theoranta é Sovim SA arna bhunú i Lucsamburg, áit a bhfuil a oifig chláraithe aige.

26. An 12 Lúnasa 2019, chuir Sovim iarraidh faoi Airteagal 15 de Dhlí an 13 Eanáir 2019 faoi bhráid LBR, ag iarraidh teorainn a chur le rochtain ar an bhfaisnéis maidir lena úinéir tairbhiúil atá taifeadta inti.

27. An 6 Feabhra 2020, dhiúltaigh LBR don iarraidh sin.

28. An 24 Feabhra 2020, thug Sovim cás os comhair an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg), inar iarr sé, go príomha, go ndéanfaí Airteagal 12 de Dhlí an 13 Eanáir 2019, lena ndéantar rochtain ar fhaisnéis áirithe arna taifeadadh i gclár na n-úinéirí tairbhiúla a chur ar fáil d'aon duine, agus/nó Airteagal 15 den Dlí sin a chur i leataobh agus nach mbeadh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis a sholáthróidh sé de bhun Airteagal 3 den Dlí sin.

29. Áitíonn Sovim, ar dtús, go sárófaí an ceart chun an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a chosaint agus an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt faoi seach, dá dtabharfaí rochtain phoiblí ar chéannacht agus ar shonraí pearsanta an úinéara thairbhiúil. Go deimhin, dar leis an eintiteas corparáideach sin, tá sé d'aidhm ag Treoir 2015/849, ar tugadh Dlí an 13 Eanáir 2019 isteach i reachtaíocht Lucsamburg dá bun, úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach a úsáidtear chun airgead a sciúradh nó chun sceimhlitheoireacht a mhaoiniú a shainaithint, chomh maith le slándáil caidrimh tráchtála agus muinín sna margaí a áirithiú. Mar sin féin, níor cruthaíodh conas a bhainfí na cuspóirí sin amach le rochtain phoiblí gan aon rialú rochtana ar na sonraí atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla. Ar an dara dul síos, maíonn Sovim gurb ionann rochtain phoiblí ar na sonraí pearsanta atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla agus sárú ar roinnt forálacha de RGCS.

30. Mar mhalairt air sin, iarrann Sovim ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh go bhfuil baol díréireach ann de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 15 de Dhlí an 13 Eanáir 2019 agus, dá bhrí sin, ordú a thabhairt do LBR teorainn a chur le rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3 den Dlí sin. Áitíonn an t-eintiteas corparáideach seo, i ndáil leis sin, go mbeadh a

úinéir tairbhiúil faoi réir baol díréireach atá soiléir, dáiríre agus láithreach, ós rud é go mbeadh baol fuadaigh ann don úinéir tairbhiúil agus a theaghlach, agus iad ag bogadh go dtí mór-roinn na hAfraice nó agus iad ina gcónaí thall.

31. Sa chomhthéacs sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ardaítear an cheist an bhfuil rochtain ar chuid de na sonraí i gclár na n-úinéirí tairbhiúla don phobal i gcoitinne ag luí leis an gCairt agus le RGCS.

32. Sna himthosca sin, chinn an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"(1) Maidir le hAirteagal 1(15)(c) de [Threoir 2018/843], a mhéid a chuirtear de cheangal leis ar na Ballstáit faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a chur ar fáil i ngach cás d'aon duine den phobal i gcoitinne gan bonn cirt a bheith ann de bharr leas dlisteanach, an bhfuil sé bailí

(a) i bhfianaise an chirt maidir le hurraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh a ráthaítear le hAirteagal 7 den [Chairt], arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 8 den [Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ("CECD")], agus na cuspóirí a leagtar amach san áireamh, go háirithe in aithrisí 30 agus 31 de Threoir 2018/843 maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta go háirithe, agus

(b) ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an gceart, a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt, maidir lena áirithiú go gcosnófar sonraí pearsanta, go háirithe, go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach, i ndáil leis an duine is ábhar do na sonraí, agus go gcuirfí teorainn leis na cuspóirí chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil agus go n-íoslaghdófar na sonraí?

(2) (a) An bhfuil Airteagal 1(15)(g) de Threoir 2018/843 le léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach féidir na himthosca eisceachtúla, dá dtagraítear ann, ina bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain sin ar an bhfaisnéis go léir nó ar chuid den fhaisnéis maidir leis na húinéirí tairbhiúla, más rud é go ndéanfadh rochtain an phobail i gcoitinne sin an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe, a chinneadh ach amháin má tá cruthúnas ann do bhaol díréireach calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe atá eisceachtúil, a bhaineann go hiarbhír leis an úinéir tairbhiúil aonair, atá soiléir, dáiríre agus láithreach?

(b) Más amhlaidh atá, an bhfuil Airteagal 1(15)(g) de Threoir 2018/843 bailí i bhfianaise an chirt maidir le hurraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt agus an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt?

(3) (a) An bhfuil Airteagal 5(1)(a) [RGCS], lena bhforchuirtear sonraí a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an duine is ábhar do na sonraí, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leis

– shonraí pearsanta an úinéara thairbhiúil a taifeadadh i gclár na n-úinéirí tairbhiúla, a chruthaítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849 a bheith inrochtana don phobal i gcoitinne gan gá le rialú ná bonn cirt ag aon duine den phobal agus gan an duine is ábhar do na sonraí (úinéir tairbhiúil) a bheith ar an eolas maidir le cé a raibh rochtain acu ar na sonraí pearsanta sin a bhaineann leis, ná

– ar rialaitheoir chlár úinéirí tairbhiúla den sórt sin ag tabhairt rochtana ar shonraí pearsanta na n-úinéirí tairbhiúla do líon neamhtheoranta agus dochinntithe daoine?

(b) An bhfuil Airteagal 5(1)(b) [RGCS], lena bhforchuirtear teorannú de réir cuspóra, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leis ar rochtain ar shonraí pearsanta an úinéara thairbhiúil a taifeadadh i gclár na n-úinéirí tairbhiúla, a chruthaítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849, a bheith inrochtana don phobal i gcoitinne gan rialaitheoir na sonraí sin a bheith in ann a áirithiú go n-úsáidtear na sonraí sin don chuspóir dar bailíodh iad, eadhon, go bunúsach, an comhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, cuspóir nach é an pobal i gcoitinne an t-orgán atá freagrach as a fhorfheidhmiú?

(c) An bhfuil Airteagal 5(1)(c) [RGCS], lena bhforchuirtear íoslaghdú sonraí, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leis, trí chlár na n-úinéirí tairbhiúla a chruthaítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849, ar an bpobal i gcoitinne rochtain a bheith acu, i dteannta ainm, mhí agus bhliain bhreithe, náisiúntacht agus thír chónaithe an úinéara thairbhiúil, ar chineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear, agus ar a dháta breithe agus ar a áit bhreithe freisin?

(d) An bhfuil Airteagal 5(1)(f) [RGCS], lena bhforchuirtear gur cheart go ndéanfar sonraí a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí do shonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, agus lena n-áirithítear sláine agus rúndacht na sonraí sin dá dheasca sin, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leis ar rochtain neamhshrianta agus neamhchoinníollach, gan gealltanas rúndachta i leith shonraí pearsanta na n-úinéirí tairbhiúla atá ar fáil i gclár na n-úinéirí tairbhiúla arna chruthú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849?

(e) An bhfuil Airteagal 25(2) [RGCS], lena n-áirithítear cosaint sonraí mar réamhshocrú, agus dá bhua sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leis

– ar chlár úinéirí tairbhiúla arna chruthú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849 nach n-éilítear leis go gclárófar ar shuíomh an chláir sin daoine ón bpobal i gcoitinne atá ag dul i gcomhairle shonraí pearsanta an úinéara thairbhiúil, ná

– ar fhaisnéis ar bith maidir le comhairliúchán shonraí pearsanta an úinéara thairbhiúil atá taifeadta i gclár den sórt sin a bheith curtha in iúl don úinéir tairbhiúil, ná

– ar shrian ar bith maidir le méid agus inrochtaineacht na sonraí pearsanta lena mbaineann a bheith infheidhme i ndáil le cuspóir a bpróiseála?

(f) An bhfuil Airteagal 44 go hAirteagal 50 de [RGCS], lena gcuirtear aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír faoi réir coinníollacha dochta, le léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leo ar shonraí den sórt sin de chuid úinéara thairbhiúil arna dtaifid i gclár na n-úinéirí tairbhiúla arna chruthú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849 a bheith inrochtana i ngach cás d'aon duine den phobal i gcoitinne gan bonn cirt a bheith ann de bharr leas dlisteanach agus gan teorainn maidir le suíomh an phobail sin?"

III. Anailís

33. Is féidir, go bunúsach, na sé cheist a chuireann an chúirt a rinne an tarchur an cás ar aghaidh maidir lena dhá hiarraidh ar réamhrialú a chur i dtrí ghrúpa.

34. Tá sé mar aidhm ag an gcéad sraith de cheisteanna [eadhon an chéad cheist agus an dara ceist, faoi (b), arna gcur i gCás C-601/20] an bhailíocht a fhíorú — i bhfianaise na gceart maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt — maidir leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla agus maidir le córas na ndíolúintí, arna bhunú le hAirteagal 30(5)(c) agus (9) de Threoir 2015/849.

35. Tá sé mar aidhm ag an dara grúpa de cheisteanna (eadhon, an tríú ceist arna cur i gCás C-601/20), a fhíorú an bhfuil córas na rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla ag luí le roinnt forálacha de RGCS.

36. Baineann an tríú grúpa de cheisteanna [eadhon, na ceisteanna uile arna gcur i gCás C-37/20, chomh maith le ceist 2(a) arna cur i gCás C-601/20] le léirmhíniú ar Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, maidir le córas na ndíolúintí ón gcóras sin i ndáil le rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla.

37. Sula bhfreagróidh mé na ceisteanna sin, measaim gur cuí roinnt breitheanna a dhéanamh roimh ré. Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh mé ráitis ghinearálta maidir le prionsabal na trédhearcachta i ndlí an Aontais, prionsabal a bhfuil ról lárnach aige sna cásanna seo. Ar an dara dul síos, déanfaidh mé cur síos ar phríomhghnéithe an chórais rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, arna bhunú le Treoir 2015/849. Ar an tríú dul síos, leagfaidh mé amach roinnt breitheanna maidir leis an gcaidreamh idir Treoir 2015/849 agus RGCS.

A. Réamhbharúlacha

1. Prionsabal na trédhearcachta

38. Is é an daonlathas "rialtas na cumhachta poiblí go poiblí". Sa sainmhíniú seo ar an daonlathas, a thug an fealsamh polaitiúil údarásach Norberto Bobbio,[9] leagtar béim ar an gcaidreamh idir an daonlathas agus an trédhearcacht. I dtraidisiúin bhunreachtúla na mBallstát, tá an smaoineamh tagtha chun cinn de réir a chéile nach mór gníomhaíocht na n-údarás poiblí a rialú le trédhearcacht agus nach mór na teorainneacha a bhaineann léi a bheith go hiomlán eisceachtúil (rialtas amhail "teach gloine").

9 Bobbio, N. *Il futuro della democrazia*, Einaudi, Torino, lch. 76.

39. Mar mhalairt ar thrédhearcacht na n-údarás poiblí, tá rúndacht sa réimse príobháideach, atá faoi chosaint ag an aitheantas a thugtar don cheart bunúsach maidir le rúndacht an tsaoil phríobháidigh, a chumhdaítear anois in Airteagal 7 den Chairt. Tháinig méadú ar an gceart sin, go háirithe tar éis theacht chun cinn na dteicneolaíochtaí digiteacha, tríd an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint, a chumhdaítear freisin sa Chairt, in Airteagal 8. Comhfhreagraíonn an déscaradh coincheapúil idir poiblí agus príobháideach don déscaradh idir trédhearcacht agus rúndacht an tsaoil phríobháidigh.

40. I sochaithe casta an lae inniu, áfach, níl an teorainn idir na réimsí poiblí agus na réimsí príobháideacha soiléir i gcónaí. Go deimhin, tá cur isteach agus forluí ag méadú idir an dá cheann. Go háirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar suntasach ag iompraíochtaí príobháideacha áirithe, de bharr a gcineál, ar an réimse poiblí nó, mar gheall ar an ról poiblí atá ag an bpáirtí atá á gcur chun feidhme, d'fhéadfaidh siad a bheith ábhartha don phobal de shochaí dhaonlathach agus do na nithe a ghabhann léi (na meáin, páirtithe polaitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta) a dhéanann rialú forleathan ar ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí.

41. Dá bhrí sin, ar chúiseanna oibiachtúla nó suibiachtúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh leas ginearálta ag gabháil le heolas a bheith ann ar ghnéithe áirithe a thagann faoi réimse príobháideach an duine aonair. Mar thoradh air sin, tá méadú ag teacht ar líon na gcásanna coinbhleachta idir rúndacht an tsaoil phríobháidigh agus cosaint sonraí pearsanta ar thaobh amháin agus an gá atá le trédhearcacht ar an taobh eile, rud lena n-éilítear oibríochtaí cothromaithe míne.

42. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ról níos tábhachtaí ag prionsabal na trédhearcachta i ndlí an Aontais agus go gcumhdaítear anois é ar leibhéal an dlí phríomha, atá cumhdaithe in Airteagail 1 agus 10 CAE, agus in Airteagal 15 CFAE.[10] I gcomhthéacs dhlí an Aontais, léirítear an prionsabal seo ar an gcéad dul síos sna ceanglais a bhaineann le trédhearcacht institiúideach agus nós imeachta maidir le gníomhaíochtaí poiblí, amhail gníomhaíocht reachtach nó riaracháin. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an trédhearcacht le prionsabail an daonlathais agus le hurraim do chearta bunúsacha mar atá sainmhínithe in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt.[11] D'aithin an Chúirt í féin an nasc idir trédhearcacht agus daonlathas, agus í ag cur síos ina cásdlí ar chuspóir phrionsabal na trédhearcachta ar chaoi gurb ionann é agus an rochtain ar fhaisnéis is leithne is féidir a sholáthar do shaoránaigh, d'fhonn nádúr daonlathach na n-institiúidí agus an riaracháin a neartú.[12]

43. Mar sin féin, leis an leathnú atá curtha le raon feidhme phrionsabal na trédhearcachta, go háirithe tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin,[13] tá méadú tagtha ar a thábhacht i réimsí, amhail rialáil na margaí airgeadais, ina gcuidíonn an prionsabal sin le cur i gcoinne feiniméan, amhail an t-éilliú nó an sceimhlitheoireacht, lenar féidir, agus iad in ann díobháil a dhéanamh don daonlathas, an luach bunaidh sin de chuid an Aontais, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, a chur i mbaol.

10 Féach freisin Airteagal 298(1) CFAE agus Airteagal 42 den Chairt.

11 Maidir leis sin, féach aithris 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43), agus breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2018, *ClientEarth* v *an Coimisiún* (C-57/16 P, EU:C:2018:660, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

12 Breithiúnas an 9 Samhain 2010, *Volker und Markus Schecke agus Eifert* (C-92/09 agus C-93/09, EU:C:2010:662, mír 68). Maidir leis sin, féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston sna cásanna sin (EU:C:2010:353, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).

13 Féach breithiúnas an 18 Iúil 2017, *an Coimisiún* v *Breyer* (C-213/15 P, EU:C:2017:563, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44. Thairis sin, taispeántar i gcásdlí na Cúirte samplaí de chásanna de chur isteach idir an dá dhéscaradh thuasluaite, an réimse poiblí/príobháideach agus na ceanglais maidir le trédhearcacht/rúndacht an tsaoil phríobháidigh.

45. Mar sin, i mbreithiúnas an 9 Samhain 2010, *Volker und Markus Schecke agus Eifert* (C-92/09 agus C-93/09, EU:C:2010:662), chinn an Chúirt go bhfuil foilsiú na sonraí ainmniúla ar an idirlíon a bhaineann le tairbhithe íocaíochtaí talmhaíocha agus leis na méideanna beachta a fuair siad in ann trédhearcacht a mhéadú maidir le húsáid na n-íocaíochtaí sin. Thug an chúirt le fios go ndéanann faisnéis den sórt sin a chuirtear ar fáil do shaoránaigh an fhormhaoirseacht phoiblí a neartú ar úsáid na méideanna arna leithdháileadh agus go rannchuidíonn sí leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí poiblí. [14]

46. Bhain breithiúnas eile, a thug Mór-Dhlísheomra na Cúirte [15] le déanaí, le dlí na hUngáire lena bhforchuirtear, *inter alia*, ar chatagóirí áirithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a bhfuil tacaíocht airgeadais ón gcoigríoch acu, oibleagáidí maidir le nochtadh poiblí i ndáil le faisnéis faoi dhaoine a thugann an tacaíocht ón gcoigríoch sin agus maidir le cúnamh airgeadais den sórt sin. Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt gur tugadh isteach srianta idirdhealaitheacha agus gan údar maith leis an dlí lena mbaineann agus go raibh sárú á dhéanamh leis ar Airteagal 63 CFAE agus Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 12 den Chairt.

47. Sa chomhthéacs sin, tá sé aitheanta go sainráite ag an gCúirt, ós rud é go bhfuil eagraíochtaí áirithe de chuid na sochaí sibhialta in ann, i bhfianaise a n-aidhmeanna agus na n-acmhainní atá ar fáil dóibh, tionchar suntasach a imirt ar shaol an phobail agus ar dhíospóireacht phoiblí, go bhféadfadh an cuspóir maidir le trédhearcacht an chúnaimh airgeadais a dheonaítear d'eagraíochtaí den sórt sin a mhéadú a bheith mar chúis sháraitheach a bhaineann leis an leas poiblí. [16]

48. Mar is léir ó na samplaí atá tugtha, d'fhéadfadh baint a bheith ag an trédhearcacht, atá tipiciúil san earnáil phoiblí, faoi choinníollacha áirithe, le gníomhaíochtaí áirithe—agus le sonraí gaolmhara—de chuid ábhair phríobháidigh lena ndéantar dochar, ar chúiseanna éagsúla, do leasanna bunúsacha an chomhphobail. Ní haon ionadh é an fhorbairt seo ós rud é gur "meán" í an trédhearcacht a úsáidtear, lasmuigh de raon feidhme na n-údarás poiblí, chun cuspóirí leasa ghinearálta a bhaint amach. Baineann an cheist bhunreachtúil sna cásanna seo leis an mbealach ar féidir ceanglais na trédhearcachta a réiteach le cosaint na gceart bunúsach, agus go háirithe leis na cearta maidir leis an saol príobháideach agus sonraí pearsanta a chosaint.

2. An córas rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile arna bhunú le Treoir 2015/849

49. Ba cheart forléargas gearr a thabhairt ar phríomhghnéithe an chórais rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile is ábhar do na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú sna cásanna seo.

[14] Féach, go háirithe, mír 75 de bhreithiúnas an 9 Samhain 2010, *Volker und Markus Schecke agus Eifert* (C-92/09 agus C-93/09, EU:C:2010:662).

[15] Breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Trédhearcacht na gComhlachas)* (C-78/18, EU:C:2020:476).

[16] Féach breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Trédhearcacht na gComhlachas)* (C-78/18, EU:C:2020:476, mír 79).

50. Faoi mar a léirítear in aithris 5 d'Airteagal 1, tá sé d'aidhm ag Treoir 2015/849 cosc a chur ar bhagairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláine, d'fheidhmiú cuí, do chlú agus do chobhsaíocht an chórais airgeadais mar thoradh ar úsáid an chórais sin chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.[17] Chuige sin, leis an Treoir sin déantar creat dlíthiúil cuimsitheach agus éifeachtach a leagan amach chun bailiú maoine nó airgid chun sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena gceanglaítear ar na Ballstáit an baol a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint, a thuiscint agus a mhaolú.[18]

51. Sa chomhthéacs sin, príomhthoisc is ea an gá atá le faisnéis chruinn agus chothrom le dáta ar úinéir tairbhiúil na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile arna n-ionchorprú ar chríoch na mBallstát—mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Threoir 2015/849—i rianú coirpeach a d'fhéadfadh a bheith, ar shlí eile, ábalta a gcéannacht a cheilt laistiar de struchtúr corparáideach.[19]

52. Faoi Airteagal 3(6) de Threoir 2015/849, is iad úinéirí tairbhiúla an duine nó na daoine nádúrtha a bhfuil, faoi dheoidh, an custaiméir faoina úinéireacht/faoina n-úinéireacht nó faoina rialú agus/nó an duine nó na daoine nádúrtha a bhfuil idirbheart nó gníomhaíocht á ndéanamh ar mhaithe leo.

53. Dá réir sin, ceanglaítear le hAirteagal 30(1) agus (3) de Threoir 2015/849 ar na Ballstáit a áirithiú, ar thaobh amháin, go bhfuil ceanglas ar eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile arna n-ionchorprú ina gcríoch[20] faisnéis leormhaith, chruinn agus reatha maidir lena n-úinéirí tairbhiúla, a fháil agus a shealbhú agus, ar an taobh eile, go bhfuil an fhaisnéis sin á stóráil i gclár lárnach i ngach Ballstát. Ní shonraítear go cruinn sna forálacha sin cén fhaisnéis a bhaineann leis an úinéir tairbhiúil atá le cur isteach sa chlár lárnach sin, agus fágtar faoi gach Ballstát é sin a chinneadh.

54. Maidir le rochtain ar an bhfaisnéis sin, foráiltear le hAirteagal 30(5) de Threoir 2015/849, sa leagan bunaidh, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis maidir leis na húinéirí tairbhiúla i ngach cás ag na húdaráis inniúla agus ag na haonaid um fhaisnéis airgeadais, gan aon srian [faoi(a)], ag eintitis faoi oibleagáid, i gcomhthéacs an díchill chuí custaiméara [faoi (b)] agus ag aon duine nó aon eagraíocht atá in ann leas dlisteanach a léiriú [faoi (c)].

55. Is léir ó aithris 2 de Threoir 2018/843 i bhfianaise "treochtaí nua atá ag teacht chun cinn, go háirithe maidir leis an tslí a ndéanann grúpaí sceimhlitheoireachta a n-oibríochtaí a mhaoiniú agus a sheoladh" gur measadh gur cheart "bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go méadaítear an trédhearcacht in idirbhearta airgeadais, in eintitis chorparáideacha agus in eintitis dhlíthiúla eile". Mar sin féin, mar is léir ó aithris 5 de Threoir 2018/843, ní mór na bearta breise sin lena leasaítear Treoir 2015/849 a ghlacadh "agus aird chuí ar an gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint chomh maith le prionsabal na comhréireachta a urramú agus a chur i bhfeidhm".

17 Maidir leis sin, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Richard de la Tour i gCás Ecotex BULGARIA (C-544/19, EU:C:2020:931, mír 46).

18 Féach aithris 1 de Threoir 2018/843.

19 Féadfaidh na Ballstáit, chun na críche sin, úsáid a bhaint as bunachar sonraí lárnach ina mbailítear faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, nó an clár gnó, nó clár lárnach eile.

20 Leagtar síos rialacha sonracha maidir le faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla ar iontaobhais nó comhshocruithe dlíthiúla a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna comhchosúla acu in Airteagal 31 de Threoir 2015/849.

56. Dá bhrí sin, d'fhonn leibhéal níos airde trédhearcachta a chur chun cinn maidir le húinéirí tairbhiúla, leasaíodh an leagan bunaidh d'Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849 le Treoir 2018/843, sa mhéid is gur féidir le "[h]aon duine den phobal i gcoitinne" rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla anois gan aon ghá le haon leas a chruthú.

57. Go sonrach, de bhua an dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, tá rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne "ar a laghad ar ainm, mí agus bliain bhreithe, agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil chomh maith le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear". Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 30(5), rochtain a thabhairt "ar fhaisnéis bhreise lena gcumasófar an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint" agus áireofar leis an bhfaisnéis bhreise sin "ar a laghad an dáta breithe nó na sonraí teagmhála i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí".

58. Maidir leis na socruithe le haghaidh rochtain ar na sonraí sin, le Treoir 2018/843, tugadh isteach mír 5a le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849 lena dtugtar an rogha do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an fhaisnéis atá ina gcláir lárnacha a chur ar fáil ar choinníoll clárú ar líne agus táille a íoc, ar táille é nach mó ná na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil.

59. Níl rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla neamhtheoranta, áfach. Go deimhin, le hAirteagal 30(9) de Threoir 2015/849, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla. Foráiltear le mír 9 den Airteagal sin, arna leasú le Treoir 2018/843, go bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain ar an bhfaisnéis sin in imthosca eisceachtúla a bheidh le leagan síos sa dlí náisiúnta, más rud é go ndéanfadh an rochtain an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe, nó más rud é gur mionaoiseach an t-úinéir thairbhiúil nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí de.

60. Mar is léir ó aithrisí 30,[21] 31,[22] 32[23] agus 33[24] de Threoir 2018/843, bhí sé beartaithe leis na leasuithe ar Airteagal 30 de Threoir 2015/849—agus, go háirithe, go bhféadfadh "aon duine den phobal i gcoitinne" rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla anois gan aon ghá le haon leas a chruthú—leibhéal trédhearcachta níos airde a chur chun cinn maidir le húinéirí tairbhiúla agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach, agus é mar phríomhchuspóir acu timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go mbainfí úsáid aisti chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.[25] Bhí sé i gceist freisin go mbeadh fo-éifeacht dhearfach ag baint le níos mó trédhearcachta arna tabhairt isteach trí mhéadú ar an muinín sna margaí airgeadais.[26]

61. Cé go bhfuil sé i gceist leis na leasuithe ar Threoir 2015/849 de bhun Threoir 2018/843 an príomhchuspóir thuasluaite maidir le leibhéal níos airde trédhearcachta a chur chun cinn, aithnítear go sainráite in aithris 34[27] den Treoir sin nach mór cothromaíocht chóir a aimsiú idir, ar thaobh amháin, leas an phobail i gcoitinne maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus, ar an taobh eile, cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí.

21 De réir aithris 30 de Threoir 2018/843 "Lamhálann rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil grinnscrúdú níos mó ar fhaisnéis ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ag an bpreas nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus rannchuidíonn sí le hiontaoibh i sláine na n-idirbheart gnó agus an chórais airgeadais a chaomhnú. Is féidir léi rannchuidiú le mí-úsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil agus comhshocruithe dlíthiúla eile chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, trí chuidiú le himscrúduithe agus trí éifeachtaí clú araon, ós rud é go bhfuil aon duine a d'fhéadfadh idirbhearta a dhéanamh leo ar an eolas faoi chéannacht na n-úinéirí tairbhiúla. Éascaíonn sé freisin cur ar fáil tráthúil agus éifeachtúil faisnéise d'institiúidí airgeadais agus do na húdaráis, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh cionta den sórt sin. Chuideodh rochtain ar an bhfaisnéis sin freisin le himscrúduithe ar sciúradh airgid, ar chionta preideacáide bainteacha agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta".

22 De réir aithris 31 de Threoir 2018/843, "Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margaí airgeadais cuid mhaith ar chóras nochta cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht in úinéireacht thairbhiúil agus i struchtúir rialaithe na gcuideachtaí. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás córais rialachais chorparáidigh a bhfuil tréithe dlúthúinéireachta acu, amhail an ceann san Aontas. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh infheisteoirí móra le cearta suntasacha vótála agus sreafa airgid fás fadtéarmach agus feidhmíocht dhaingean a spreagadh. Ar an taobh eile, áfach, féadfaidh úinéirí tairbhiúla rialaithe le bloic mhóra vótála dreasachtaí a bheith acu chun sócmhainní agus deiseanna corparáideacha a atreorú i gcomhair luaíocht phearsanta agus na hinfheisteoirí mionlaigh a bheith thíos leis. Ba cheart breathnú ar an méadú féideartha ar an muinín sna margaí airgeadais mar fho-éifeacht dearfach agus ní mar an cuspóir atá le trédhearcacht a mhéadú, arb ann don chuspóir sin chun timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go mbainfí úsáid aisti chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta".

23 De réir aithris 32 de Threoir 2018/843, "Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margaí airgeadais cuid mhaith ar chóras nochta cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht i dtaca le húinéireacht thairbhiúil agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a cheadú ar bhealach atá comhleanúnach agus comhordaithe go leor, trí rialacha soiléire maidir le rochtain ag an bpobal a bhunú ionas go mbeidh tríú páirtithe ábalta a fháil amach, ar fud an Aontais, cé hiad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla.

24 De réir aithris 33 de Threoir 2018/843, "Ba cheart go gceadódh na Ballstáit, mar sin, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile ar shlí sách comhtháite agus comhordaithe, trí na cláir lárnacha ina leagtar amach faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil, trí riail shoiléir rochtana poiblí a bhunú, ionas go mbeidh tríú páirtithe ábalta a fháil amach, ar fud an Aontas, cé hiad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile [...]".

25 Féach aithris 31 de Threoir 2018/843, a leagtar amach i bhfonóta 23 den Tuairim seo, an abairt dheireanach go sonrach.

26 *Ibid.*

27 De réir aithris 34 de Threoir 2018/843, "I ngach cás, a mhéid a bhaineann le heintitis chorparáideacha agus le [heintitis] dhlíthiúla eile araon, chomh maith le hiontaobhais agus le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart féachaint le cothromaíocht chóir a aimsiú go háirithe idir leas an phobail i gcoitinne i sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí".

62. Dá bhrí sin, mar is léir ó aithris 36[28] de Threoir 2018/843, agus é mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú, go háirithe na cearta chun saoil príobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú, foráiltear le Treoir 2015/849 díolúintí ó fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a nochtadh trí na cláir faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, agus ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis den sórt sin, faoi na coinníollacha thuasluaite dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) den Treoir sin.

3. An gaol idir Treoracha 2015/849 agus 2018/843 agus RGCS

63. Leagtar amach an dara grúpa de cheisteanna, dá dtagraítear i mír 35 den Tuairim seo, eadhon iad siúd dá dtagraítear i gcomhthéacs an tríú ceist i gCás C-601/20, chun iarraidh ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar bhailíocht an chórais rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, arna bhunú le Treoir 2015/849, i bhfianaise roinnt forálacha de RGCS.

64. Sna himthosca sin, tá sé iomchuí, mar réamhphointe, roinnt breithnithe a dhéanamh maidir leis an ngaol idir na gníomhartha sin de dhlí an Aontais, eadhon, ar thaobh amháin, Treoracha 2015/849 agus 2018/843, agus RGCS ar an taobh eile.

65. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur gníomhartha reachtacha tánaisteacha iad atá ar comhchéim in ordlathas fhoinsí dlí an Aontais.

66. Is léir ón gcásdlí, i gcás nach bhfuil foráil sa dá ghníomh reachtacha thánaisteacha atá ar comhchéim lena bhforáiltear go sainráite go mbeidh tosaíocht ag ceann amháin ar an gceann eile, ba cheart a áirithiú go gcuirfí na gníomhartha sin uile i bhfeidhm ar bhealach atá comhoiriúnach lena chéile agus a fhágann go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.[29]

67. Sa chás seo, tá naisc fhollasacha ann idir na gníomhartha lena mbaineann. Bunaítear an nasc is dírí in Airteagal 41(1) de Threoir 2015/849, agus dá réir sin, sa leagan arna leasú le Treoir 2019/2177, "tá próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo faoi réir [RGCS]". Leagtar amach freisin in aithris 38 de Threoir 2018/843 go bhfuil feidhm ag RGCS "maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo" agus "ba cheart na tairbhithe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi chreat dlíthiúil reatha an Aontais um chosaint sonraí, mar a leagtar amach [in RGCS]". Tá tagairt do RGCS in Airteagal 43 de Threoir 2015/849 freisin.

[28] De réir aithris 36 de Threoir 2018/843, "Anuas air sin, agus é mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú, ba cheart gurbh fhéidir le Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a nochtadh trí na cláir faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, agus ó rochtain ar an bhfaisnéis sin, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina nochtfadh an fhaisnéis sin an t-úinéir tairbhiúil do bhaol díréireach calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin nó imeaglaithe. Ba cheart gurbh fhéidir le Ballstáit freisin a cheangal go ndéanfaí clárú ar líne chun aon duine a iarrann faisnéis ón gclár a shainaithint, chomh maith le go ndéanfaí táille a íoc ar rochtain ar an bhfaisnéis sa chlár".

[29] Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Meitheamh 2012, *an Coimisiún* v *Éditions Odile Jacob* (C-404/10 P, EU:C:2012:393, mír 110). Féach freisin breithiúnas an 29 Meitheamh 2010, *an Coimisiún* v *Bavarian Lager* (C-28/08 P, EU:C:2010:378, mír 56).

68. In ainneoin úsáid an fhocail "faoi réir" in Airteagal 41(1),[30] ní fheictear dom go bhforáiltear leis na naisc sin do thosaíocht RGCS ar Threoracha 2015/849 agus 2018/843,[31] ar chaoi a fhágann go mbeadh RGCS ina pharaiméadar dlí chun measúnú a dhéanamh ar bhailíocht fhorálacha na dTreoracha sin.

69. Mar sin féin, is léiriú iad na naisc sin ar cheanglas maidir le comhordú idir, ar thaobh amháin, sonraí pearsanta a phróiseáil mar thoradh ar chur i bhfeidhm na dTreoracha sin agus, ar an taobh eile, an creat dlíthiúil ginearálta i ndlí an Aontais maidir le cosaint sonraí arna bhunú le RGCS.

70. Thairis sin, leis an gcreat dlíthiúil ginearálta sin arna chruthú ag RGCS cuirtear chun feidhme —go háirithe (ach ní go heisiach) in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán sin—na ceanglais a eascraíonn as an gceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint atá faoi chosaint ag Airteagal 8 den Chairt agus go háirithe na ceanglais sin dá bhforáiltear go sainráite i mír 2 den Airteagal sin.[32]

71. Dá bhrí sin, chun na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 8 den Chairt a chomhlíonadh, ní mór an córas próiseála sonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla, arna bhunú le Treoir 2015/849, a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha RGCS, i gcomhréir leis an méid dá bhforáiltear go sainráite in Airteagal 41(1) den Treoir sin.

72. Chuige sin, ní mór na ceanglais a eascraíonn as rialacha RGCS a bheith á gcur san áireamh freisin ag údaráis na mBallstát, go háirithe ag an reachtóir náisiúnta, nuair a bheidh an córas á rialú agus á chur i bhfeidhm acu maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta arna bhunú leis na Treoracha thuasluaite, agus go sonrach an córas próiseála sonraí a bhaineann leis na húinéirí tairbhiúla dá bhforáiltear sa dá Threoir sin.

73. Ba cheart, i bhfianaise na bprionsabal sin, anailís a dhéanamh ar na ceisteanna a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar aghaidh le haghaidh réamhrialú.

B. Bailíocht Airteagal 30(5)(c) agus (9) de Threoir 2015/849 [an chéad cheist agus an dara ceist, faoi (b) i gCás C-601/20]

74. Sa chéad cheist i gCás C-601/20, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849, a mhéid a chuireann sé de cheangal ar na Ballstáit faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a chur ar fáil d'aon duine den phobal i gcoitinne gan bonn cirt a bheith ann de bharr leas dlisteanach, bailí i bhfianaise an chirt maidir le hurraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus i bhfianaise an chirt go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint arna ráthú, faoi seach, le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.

30 Go deimhin, is é próiseáil sonraí pearsanta atá "faoi réir" RGCS seachas an Treoir inti féin. Tugaim do m'aire freisin gur úsáideadh an téarma "faoi réir" sa leagan bunaidh d'Airteagal 41 maidir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 24 Deireadh Fómhair 1995, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

31 Níl aon ghaol "lex generalis – lex specialis" idir RGCS agus an dá Threoir a luaitear thuas, atá difriúil ón méid a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, idir RGCS agus Treoracha eile (féach, go háirithe, i ndáil leis sin, aithris 173 agus Airteagal 95 RGCS).

32 Féach, chuige sin, trí thagairt, *inter alia*, d'Airteagal 6 agus d'Airteagal 7 de Threoir 95/46, a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 5 agus d'Airteagal 6 RGCS, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 40). D'anailís a rinneadh le déanaí ar raon feidhme RGCS, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Richard de la Tour i gCás Facebook Ireland (C-319/20, EU:C:2021:979, míreanna 50 go 52).

75. Sa dara ceist, faoi (b), sa chás céanna, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, lena gceadaítear do Bhallstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain, go háirithe, d'aon duine den phobal i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, bailí i bhfianaise na gceart bunúsach sin a chumhdaítear sa Chairt.

76. Ba cheart, i mo thuairimse, anailís a dhéanamh ar an dá cheist sin a bhaineann le bailíocht dhá mhír den Airteagal céanna de Threoir 2015/849 le chéile. Go deimhin, baineann an dá cheist sin le dhá ghné den chóras rochtana poiblí céanna ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, arna bhunú leis an Treoir sin, nach mór, i mo thuairimse, a mbailíocht a mheas ina hiomláine. Measaim, go deimhin, ionas go bhféadfaí freagra a thabhairt ar an gcéad cheist i gCás C-601/20, maidir le rochtain ar an bhfaisnéis sin a thabhairt don phobal i gcoitinne gan bonn cirt de bharr leas ar bith a bheith leis, ní féidir cur in áireamh chóras na ndíolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) den Treoir sin a sheachaint. Dá bhrí sin, tá baint ag an dá cheist lena chéile.

77. Mar réamhphointe, tugaim do m'aire freisin gur léir ón ordú tarchuir nach bhfuil sé i gceist leis an gcéad cheist i gCás C-601/20 amhras a chur ar nochtadh agus stóráil sonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla i gclár lárnach nó ar an gcóras rochtana ar an bhfaisnéis sin ann féin, dá bhforáiltear in Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849. Ní bhaineann an cheist sin ach leis an leasú ar Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849, a eascraíonn as Treoir 2018/843. Dá bhrí sin, ní bhaineann sí ach le díothú an cheanglais, a leagtar síos sa leagan bunaidh den fhoráil sin, atá ar aon duine nó ar aon eagraíocht "leas dlisteanach" a léiriú chun bheith in ann rochtain a fháil ar na sonraí sin a bhaineann leis na húinéirí tairbhiúla agus, ar an gcaoi sin, leis an bhféidearthacht chun rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis sin "d'aon duine den phobal i gcoitinne" gan gá le haon leas a chruthú.

1. Na cearta atá faoi chosaint Airteagail 7 agus 8 den Chairt agus na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun chur isteach ar na cearta sin

78. Maidir leis na cearta bunúsacha dá dtagraítear sa dá cheist thuasluaite atá faoi mheasúnú bailíochta, ba cheart a mheabhrú go ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt do gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú. Aithnítear go sainráite in Airteagal 8(1) den Chairt an ceart atá ag gach duine go ndéanfar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint. De réir cásdlí socair, tá na cearta sin, a bhaineann le haon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta, nasctha go dlúth, ós rud é go ndéanann rochtain ar shonraí pearsanta duine nádúrtha chun críoch stórála nó úsáide difear do cheart an duine sin an saol príobháideach a urramú. [33]

79. Ní léir, áfach, gur cearta iomlána iad na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ach ní mór iad a chur san áireamh ag brath ar an bhfeidhm atá acu sa tsochaí. [34] Dá bhrí sin, le hAirteagal 8(2) den Chairt, ceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil faoi réir critéir áirithe. Ceanglaítear leis an bhforáil sin nach mór sonraí pearsanta a phróiseáil "go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoiliú an duine i dtrácht nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí".

[33] Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2020:559, mír 170 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[34] Féach breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2020:559, mír 172 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80. Ní mór d'aon teorainn ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus ar an gceart chun príobháideachta, ceanglais Airteagal 52(1) den Chairt a chomhlíonadh freisin. Dá bhrí sin, ní mór foráil le dlí do theorainneacha den sórt sin, ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart a urramú, ní mór dóibh freagairt go hiarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don ghá atá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint, agus ní mór dóibh prionsabal na comhréireachta a urramú.

81. Agus beart lena gcuirtear srian leis na cearta sin á mheasúnú, ní mór aird a thabhairt chomh maith ar thábhacht na gceart a chumhdaítear in Airteagail 3, 4, 6 agus 7 den Chairt agus ar thábhacht na gcuspóirí maidir leis an tslándáil náisiúnta a chosaint agus coireacht thromchúiseach a chomhrac trí rannchuidiú le cosaint ceart agus saoirsí daoine eile. [35]

82. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaíonn an CECD, agus ba cheart é sin a chur san áireamh mar íostairseach chosanta. [36] Freagraítear don cheart maidir le hurraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, leis an gceart a ráthaítear in Airteagal 8 de CECD, agus ní mór an bhrí agus an raon feidhme céanna a thabhairt dó dá dheasca sin. [37]

83. Is i bhfianaise na bprionsabal sin gur cheart scrúdú a dhéanamh ar an dá cheist sin agus bailíocht á measúnú.

2. Cur isteach ar na cearta a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chairt agus a thromchúis

84. Chun measúnú a dhéanamh ar bhailíocht fhorálacha Threoir 2015/849 a ndearna an chúirt a rinne an tarchur agóid ina gcoinne, ba cheart a áirithiú, ar dtús, an bhféadfadh oibríochtaí, amhail iadsan dá bhforáiltear sna forálacha sin, dochar a dhéanamh do na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt agus cur isteach ar na cearta sin. Más amhlaidh an cás, ba cheart an leibhéal tromchúise a ghabhann le cur isteach den sórt sin a chinneadh chomh maith. [38]

85. Ar an gcéad dul síos, maidir le *cur isteach a bheith ann*, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann urraim don saol príobháideach i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil, a aithnítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, le haon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta, [39] mar atá anseo, ós rud é gur daoine nádúrtha in-sainaitheanta iad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Threoir 2015/849.

35 Féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 122).

36 Féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Féach breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Trédhearcacht na gComhlachas)* (C-78/18, EU:C:2020:476, mír 122 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Ní mór an leibhéal tromchúise a ghabhann leis an gcur isteach a chinneadh i bhfianaise an nasctha, a aithnítear sa chásdlí, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, idir an tromchúis a ghabhann leis an gcur isteach lena gcumhdaítear teorannú na gceart sin agus tábhacht an chuspóra leasa ghinearálta atá á shaothrú ag an teorannú sin chun bonn cirt a thabhairt dó. Maidir leis sin, féach, *inter alia*, breithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:788, mír 55) agus an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach, go mionsonraithe, an cásdlí dá dtagraítear i míreanna 152 agus 153 den Tuairim seo.

39 Féach, go háirithe, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 122 agus an cásdlí dá dtagraítear).

86. Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb ionann an fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne uirthi, a liostaítear sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, agus a luaitear i mír 57 den Tuairim seo, agus sonraí pearsanta.[40] Maidir leis sin, is léir ón gcásdlí, cé go gcuirtear faisnéis ar fáil mar chuid de ghníomhaíocht ghairmiúil, nach gciallaíonn sé sin nach féidir í a shainiú mar shonraí pearsanta.[41]

87. Thairis sin, is léir ón gcásdlí gur rud neamhábhartha é cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear fíor-íogair, chun a chinneadh ar cheart sonraí pearsanta a bheith cuimsithe ag an gcosaint a thugtar le dlí an Aontais. Ina theannta sin, chinn an Chúirt cheana féin, chun a chinneadh an ndearnadh cur isteach ar an gceart bunúsach a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt, gur cuma an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis an saol príobháideach lena mbaineann íogair nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil na daoine lena mbaineann faoi aon mhíbhuntáistí mar thoradh ar an gcur isteach sin.[42]

88. Ar an tríú dul síos, mar a léirigh na páirtithe a chuir barúlacha faoi bhráid na Cúirte, is ionann oibríochtaí amhail iadsan dá bhforáiltear in Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849—eadhon, sonraí pearsanta maidir le húinéirí tairbhiúla amhail iadsan dá dtagraítear i mír 57 den Tuairim seo, a chur ar fáil agus a nochtadh don phobal, ag an gcomhlacht atá freagrach as an gclár a choimeád—agus oibríochtaí ar dócha go ndéanfaidh siad dochar do na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt. Dá bhrí sin is ionann na hoibríochtaí sin agus cur isteach ar na cearta a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt.[43] Is ionann iad freisin agus cur isteach ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint arna ráthú le hAirteagal 8 den Chairt, ós rud é gur próiseáil sonraí pearsanta atá iontu,[44] a thagann faoi raon feidhme Airteagal 8(2),[45] a bhfuil an comhlacht sin freagrach astu.[46]

89. Thairis sin, sa chás seo, tar éis do na sonraí sin a bheith curtha ar fáil, d'fhéadfadh aon duine den phobal i gcoitinne a fhaigheann rochtain ar an bhfaisnéis atá sa chlár agus atá curtha ar fáil ann iad a rochtain agus, i gcás inarb infheidhme, iad a stóráil nó a scaipeadh.[47] Is ionann an rochtain sin agus cur isteach breise ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.[48] A luaithe a fhaigheann sé rochtain ar na sonraí atá sa chlár, d'fhéadfadh sé go measfaí an duine sin den phobal i gcoitinne mar rialaitheoir na próiseála sin, chomh maith le haon phróiseáil ina dhiaidh sin.[49]

40 Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 34). I ndáil leis sin, féach freisin an sainmhíniú ar "sonraí pearsanta" in Airteagal 4(1) RGCS.

41 Breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 115 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Samhain 2010, *Volker und Markus Schecke agus Eifert* (C-92/09 agus C-93/09, EU:C:2010:662, mír 58).

44 Féach, chuige sin, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 126 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Thairis sin, sainmhínítear in Airteagal 4(2) RGCS gurb éard atá i gceist le próiseáil, *inter alia*, ná "scaipeadh nó aon chineál eile cur ar fáil" de shonraí.

46 Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 35) agus an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 101).

47 Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 101) a bhaineann, áfach, le sonraí a thagann faoin gcatagóir sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta, agus dá bhrí sin le coimircí sonracha faoi Airteagal 10 de RGCS.

48 Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:788, mír 51). Féach freisin breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2020:559, mír 171 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 De réir bhrí Airteagal 4(7) de RGCS. Maidir leis sin, féach, *mutatis mutandis*, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690, mír 45).

90. Dá bhrí sin, ní mór a mheas gurb ionann oibríochtaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849, agus cur isteach ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.

91. Maidir le measúnú a dhéanamh ar an *tromchúis a ghabhann leis an gcur isteach sin*, ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús, sa chás seo, nach bhfuil líon na ndaoine a bhféadfadh an cur isteach difear a dhéanamh dóibh neamhtheoranta, éiginnte agus neamhdhifreálaithe, ach go bhfuil sé teoranta, ina ionad sin.[50] Go deimhin, is grúpa sonrach daoine iad na daoine nádúrtha in-sainaitheanta mar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, i gcomhréir leis an sainmhíniú a luaitear i mír 85 den Tuairim seo. Déantar na daoine aonair sin a chinneadh i bhfianaise an róil atá acu sna heintitis chorparáideacha agus sna heintitis dhlíthiúla eile, eadhon a seasamh mar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas sin. Thairis sin, déanfar an cinneadh sin i bhfianaise na gcuspóirí arna saothrú[51] ag an oibleagáid chun na sonraí atá i gceist a nochtadh do chlár na n-úinéirí tairbhiúla. Dá bhrí sin, is ann do chaidreamh idir na daoine lena mbaineann (eadhon, úinéirí tairbhiúla) agus cuspóir na próiseála.

92. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, ar an dara dul síos, go bhféadfadh modhanna próiseála na sonraí lena mbaineann, as a n-eascraíonn an cur isteach, eadhon na sonraí sin a chur ar fáil don phobal gan aon bhac ar an rochtain i bprionsabal, na sonraí sin a scaipeadh go forleathan.

93. Le forálacha Airteagal 30 de Threoir 2015/849 tá solúbthacht áirithe ag an reachtóir náisiúnta maidir le forálacha rochtana a chinneadh don phobail i gcoitinne ar shonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla, chomh maith leis na nósanna imeachta atá le leanúint chuige sin. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh raon feidhme na n-éifeachtaí ar na cearta bunúsacha lena mbaineann a bheith éagsúil de réir an chaoi a n-áirithítear rochtain phoiblí.

94. Dá bhrí sin, i roinnt Ballstát, amhail, mar shampla, Lucsamburg, an tír atá i gceist sna cásanna seo, d'fhéadfaí rochtain a bhaint amach trí bhíthin nósanna imeachta uathoibrithe agus na sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile atá ar fáil ar an idirlíon. Is léir go bhféadfaí leathadh uasta a dhéanamh ar na sonraí sin le modh rochtana den sórt sin, eadhon gur féidir rochtain a fháil ar na sonraí sin ar an idirlíon gan bhac. Dá bhrí sin, is féidir na sonraí sin a scaipeadh go forleathan le modh próiseála sonraí den sórt sin.[52]

95. Ar an tríú dul síos, maidir leis na sonraí a chumhdaítear leis an gcur isteach, is léir ó chásdlí na Cúirte dá mhéad catagóirí sonraí a bhfaightear rochtain orthu is ea is dóichí go mbeidh an cur isteach "tromchúiseach".[53]

50 I gcomhair anailís ar chás ina raibh teorainn le líon na ndaoine ar dóigh dóibh tionchar a bheith ag an gcur isteach orthu, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Saugmandsgaard Øe i gCás *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:300, mír 34).

51 Maidir le cuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, féach, go mionsonraithe, mír 137 den Tuairim seo.

52 Tá an Chúirt tar éis déileáil cheana féin roinnt uaireanta le cásanna ina raibh sonraí pearsanta á nochtadh don phobal. I dteannta na mbreithiúnas a luadh cheana, breithiúnais an 9 Samhain 2010, *Volker und Markus Schecke agus Eifert* (C-92/09 agus C-93/09, EU:C:2010:662), an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197) agus an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504), tá cás den chineál sin ar feitheamh fós (Cás C-184/20, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*), agus baineann sé le reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'fhoilsiú ar an idirlíon de shonraí pearsanta atá i ndearbhuithe leasa d'fhonn coinbhleachtaí leasa agus éillithe san earnáil phoiblí a chosc (féach, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe sa Chás sin (EU:C:2021:991).

53 Féach, maidir leis sin, mo Thuairim i gCás *Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí)* (C-746/18, EU:C:2020:18, mír 79).

96. Is léir, ón dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, sa chás seo—faoi réir na ceiste faoin tsolúbthacht a fhágtar faoi na Ballstáit, ceist a phléitear i míreanna 105 go 107 thíos—go gcomhfhreagraíonn na sonraí sin do dhá chatagóir: ar thaobh amháin, tacar sonraí a bhaineann le céannacht shibhialta na n-úinéirí tairbhiúla (ainm, mí agus bliain bhreithe agus náisiúntacht) agus a dtír chónaithe gan sonraíocht bhreise; ar an taobh eile, sonraí a bhaineann le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear. Ní bhaineann an fhaisnéis eile atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla leis na hoibríochtaí arb ionann iad agus cur isteach dá dtagraítear i míreanna 88 agus 89 den Tuairim seo, atá mar ábhar na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú sa chás seo.

97. Maidir leis an gcéad chatagóir sonraí, baineann sí le tacar teoranta sonraí a fhágann gur féidir duine a aithint ar bhonn indibhidiúil gan amhras, ach a deirtear gur sonraí "teagmhála" [54] agus sainaitheanta iad, agus nach deirtear gur sonraí "cáilithe" iad, a bhaineann go bunúsach leis an saol príobháideach agus pearsanta nó a fhágann gur féidir próifíl dhílis, bheacht agus uileghabhálach ar chéannacht phríobháideach an duine is ábhar do na sonraí a chruthú. [55] Cé go bhfágann na sonraí seo gur féidir cruinneas áirithe maidir leis an duine lena mbaineann a shainaithint, eadhon an t-úinéir tairbhiúil, ní cheadaítear, i mo thuairim, teacht ar chonclúidí an-bheacht maidir le príobháideacht na ndaoine a bhfuil a sonraí i gceist. [56]

98. Tagraítear leis an dara catagóir sonraí do shonraí de chineál eacnamaíoch, lena nochtar cineál an leasa thairbhiúil a shealbhaítear sa chuideachta nó san eintiteas—amhail, mar shampla, scaireanna a shealbhú—agus méid na leasanna sin, a d'fhéadfaí a shloinneadh, mar shampla, i dtéarmaí an chéatadáin scairshealbhóireachta san eintiteas. Cé gur cinnte, áfach, go bhfágann sonraí den sórt sin gur féidir raon feidhme leasanna an úinéara thairbhiúil san eintiteas corparáideach nó san eintiteas dlíthiúil lena mbaineann a chinneadh, agus dá bhrí sin go bhfuil tábhacht eacnamaíoch faoi leith ag baint leo, ní fhágann siad, áfach, i mo thuairim, amhail i gcás na chéad chatagóire sonraí, gur féidir teacht ar chonclúidí beachta maidir le príobháideacht na ndaoine lena mbaineann. [57]

99. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla, a bhfuil rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne orthu, chomh híogair le catagóirí áirithe eile de shonraí pearsanta. [58]

100. Ina bharúlacha, d'áitigh Sovim, áfach, go bhféadfaí sócmhainní an duine lena mbaineann a mheasúnú agus go bhféadfaí a roghanna maidir le cineál agus méid a chuid infheistíochtaí a shainaithint trí rochtain phoiblí shaor ar na sonraí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849. I rith na héisteachta, d'áitigh Sovim freisin go bhfágann rochtain ar na sonraí sin gur féidir oibríochtaí faisnéise eacnamaíocha a dhéanamh le haghaidh próifíliú.

101. Maidir leis sin, tugaim do m'aire, cé gur féidir faisnéis áirithe a bhaineann le sócmhainní duine a fháil trí rochtain a fháil ar shonraí a bhaineann le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear in eintiteas corparáideach, tá dhá phointe ábhartha ann mar sin féin. Ar thaobh amháin, níl i gceist le hinfheistíochtaí in eintitis chorparáideacha ach cuid de shócmhainní duine

54 Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Saugmandsgaard Øe i gCás *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:300, pointe 35).

55 Féach, chuige sin, breithnithe a leagtar amach i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta Cruz Villalón in *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2013:845, míreanna 64, 65 agus 74).

56 Féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:788, mír 60, *in fine*).

57 Féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:788, mír 60, *in fine*).

58 Maidir leis sin, meabhraím go ndéantar foráil in Airteagal 9 de RGCS do rialacha speisialta maidir le próiseáil sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh cinioch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, chomh maith le próiseáil sonraí géiniteacha, ar shonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

amháin de ghnáth, agus is éard atá sa tsócmhainn de ghnáth ná sraith éagsúlaithe infheistíochtaí lena n-áirítear cineálacha eile infheistíochta, amhail infheistíochtaí in ionstraimí airgeadais nó infheistíochtaí eastáit réadaigh. Mar sin, tugann rochtain ar shonraí maidir le hinfheistíochtaí in eintitis chorparáideacha amháin léargas teoranta ar shócmhainní duine. Ar an taobh eile, mura mbaineann na leasanna tairbhiúla, a nochtar a gcineál agus a méid, le heintitis chorparáideacha a bhfuil a luach, ar bhealach éigin, poiblí, ní léir ar chor ar bith, gan aon fhaisnéis eile, go measfaí luach beacht eintiteas corparáideach nó infheistíochta arna chomhdhéanamh ag scaireanna arna sealbhú san eintiteas corparáideach sin. Dá bhrí sin, cé gur féidir léargas teoranta ar shócmhainní duine a fháil, ní féidir, go ginearálta, teacht ar chonclúidí beachta maidir le cainníochtú na sócmhainní sin.

102. Tá feidhm ag breithnithe comhchosúla, i mo thuairim, maidir leis an mbaol go bhféadfar próifíliú eacnamaíoch duine aonair a dhéanamh trí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin. Cé go bhfágann rochtain ar na sonraí dá dtagraítear i mír 98 den Tuairim seo gur féidir na réimsí (nó ar a laghad roinnt de na réimsí sin) ina ndéanann duine aonair infheistíochtaí a shainaithint, ní fhágann sé gur gá conclúidí beachta a tharraingt maidir le próifíl infheistíochta an duine aonair sin. Ar an bpointe sin, tugaim do m'aire freisin go bhfuil tionchar ag na socruithe nithiúla trína ndéantar rochtain phoiblí ar an gclár i ndáil leis sin agus go bhféadfaí an baol sin a theorannú tuilleadh dá mbarr. Dá bhrí sin, tugaim do m'aire go bhféadfar, i Lucsamburg, taighde idirlín a bhaineann leis na sonraí lena mbaineann a dhéanamh trí thagairt don eintiteas dlíthiúil amháin agus ní do dhuine an úinéara thairbhiúil. Ós rud é nach féidir cuardach a dhéanamh de réir duine sa chlár, is féidir an baol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le próifíliú eacnamaíoch an duine is ábhar do na sonraí a theorannú tuilleadh.

103. É sin ráite, tugaim do m'aire freisin, go bhféadfadh tábhacht neamhspleách eacnamaíoch agus tráchtála a bheith ag sonraí beachta a bhaineann le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear in eintiteas corparáideach nó in eintiteas dlíthiúil eile, sa mhéid, i gcásanna áirithe, go bhféadfaí tuiscint a fháil ar fhíorstruchtúr rialaithe eintiteas corparáideach áirithe nach mbeadh soiléir ar bhonn faisnéis ó fhoinsí faisnéise eile.

104. Mar thoradh, is léir ó gach ceann de na nithe sin roimhe seo gurb ionann sonraí amhail na sonraí dá dtagraítear i mír 57 den Tuairim seo a bhaineann le húinéirí tairbhiúla a bheith curtha ar fáil agus nochta ag an gcomhlacht atá freagrach as clár a choimeád chomh maith le rochtain phoiblí ar na sonraí sin, agus cur isteach, gan amhras, ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt. Mar sin féin, measaim, in ainneoin chomhthéacs na solúbthachta a fhágtar faoi Threoir 2015/849 do na Ballstáit maidir le modhanna próiseála na sonraí pearsanta lena mbaineann, nach féidir a chur as an áireamh go ndéanfar na sonraí sin a scaipeadh go forleathan mar gheall ar raon feidhme sách teoranta na sonraí pearsanta, a ndearnadh cur isteach orthu, agus a gcineál neamh-íogair go háirithe, gur féidir a mheas gur éifeachtaí measartha iad na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine a ndéanann an cur isteach lena mbaineann difear dóibh. Dá bhrí sin, maidir leis an gcur isteach ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt de bharr na n-oibríochtaí dá dtagraítear i míreanna 88 agus 89 den Tuairim seo, níl tromchúis faoi leith ag gabháil leo, dar liom féin, ós rud é nach féidir faisnéis bheacht a fháil, le sonraí den raon feidhme agus den chineál sin iontu féin, maidir leis na daoine lena mbaineann agus, dá bhrí sin, ní dhéanann siad difear go díreach agus go láidir dá saol príobháideach.

105. Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara freisin go bhfágann an dara agus an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, solúbthacht do na Ballstáit maidir leis na sonraí a fhéadfar a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Go deimhin, ar thaobh amháin, foráiltear sa dara fomhír sin

go bhfuil aon duine den phobal i gcoitinne i dteideal rochtain a bheith aige "*ar a laghad*" ar na sonraí a shonraítear ann, rud a thugann le fios go bhféadfaidh na Ballstáit rochtain a thabhairt ar shonraí breise. Ar an taobh eile, foráiltear sa tríú fomhír sin go bhféadfadh na Ballstáit, faoi choinníollacha a chinnfear leis an dlí náisiúnta, rochtain a thabhairt ar "f[h]aisnéis bhreise" a fhágann go bhféadfaí úinéir tairbhiúil a shainaithint, lena gcuimsítear, *ar a laghad*, an dáta breithe nó na sonraí teagmhála, i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí.

106. Dá dheasca sin, d'fhág reachtóir an Aontais solúbthacht do na Ballstáit an méid sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla a bhféadfadh rochtain a bheith ag an bpobal i gcoitinne orthu a leathnú, dá bhrí sin ag dul thar na sonraí arna sonrú sa liosta dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 agus a meabhraíodh i mír 96 den Tuairim seo.

107. Is léir, mar thoradh ar an bhféidearthacht sin atá ann chun méid na sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla atá ar fáil don phobal i gcoitinne a leathnú, go bhféadfadh cur isteach níos mó a bheith ann ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt do na daoine sin. Chomh maith leis an gceist maidir le cineál éiginnte na sonraí breise a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur leis an liosta sonraí atá ar fáil don phobal i gcoitinne dá dtagraítear sa dara fomhír sin agus dá dtagraítear i mír 96 den Tuairim seo,[59] tugaim do m'aire, i gcás go dtugtar rochtain don phobal ar shonraí teagmhála beachta duine (ar nós seoladh cónaithe), dá bhforáiltear leis an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, go bhféadfadh sé a bheith comhionann, i mo thuairim, i gcodarsnacht leis an méid a chuir mé in iúl i mír 104 den Tuairim seo, le cur isteach tromchúiseach ar shaol príobháideach an duine. Dá bhrí sin, ní mór anailís shonrach a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit sonraí breise a chur ar fáil.

3. An bonn cirt atá leis an gcur isteach

108. Ós rud é gurb as an gcóras rochtana poiblí arna bhunú le Treoir 2015/849 a n-eascraíonn cur isteach ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, ba cheart a fhíorú an féidir bonn cirt a thabhairt leis na teorainneacha ar na cearta sin trí na forálacha agus na prionsabail dá dtagraítear i míreanna 79 agus 80 den Tuairim seo a chur i bhfeidhm.

(a) Comhlíonadh an cheanglais go bhforálfaí le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chairt

109. Leis an gcéad choinníoll nach mór do na teorainneacha ar fheidhmiú na gceart a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt a chomhlíonadh, dá dtagraítear in Airteagal 8(2) den Chairt agus in Airteagal 52(1) den Chairt i gcoitinne, ceanglaítear go ndéanfar "foráil le dlí" do na teorainneacha sin.

110. De réir chásdlí socair na Cúirte,[60] agus é bunaithe ar chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine,[61] tagraíonn an ceanglas go ndéanfar "foráil le dlí" d'aon teorann ar fheidhmiú cirt bhunúsaigh ní hamháin don bhunús "dleathach" a bhfuil an cur isteach bunaithe air, ach don ghá

[59] Déantar anailís ar an tsaincheist sin i míreanna 114 agus a leanas den Tuairim seo.

[60] Féach, *inter alia*, breithiúnais an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2020:559, mír 175); an 8 Meán Fómhair 2020, *Recorded Artists Actors Performers* (C-265/19, EU:C:2020:677, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear); agus breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Privacy International* (C-623/17, EU:C:2020:790, mír 65).

[61] Féach, *inter alia*, breithiúnais ECtHR an 8 Meitheamh 2006, *Lupsa* v *an Rómáin*, (CE:ECHR:2006:0608JUD001033704, míreanna 32 agus 33) agus an 15 Nollaig 2020, *Piskin* v *an Tuirc* (CE:ECHR:2020:1215JUD00333991, mír 206). An gá leis an téarma "foráil le dlí" in Airteagal 52(1) den Chairt a léirmhíniú ar an mbealach céanna le léirmhíniú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet i gCás *WebMindLicenses* (C-419/14, EU:C:2015:606, míreanna 134 go 143).

go ndéanfadh an bunús dlí leis an gcur isteach sin an raon feidhme den chur isteach a shainiú go *soiléir* agus go *beacht* chomh maith. Maidir le "cáilíocht an dlí" agus, dá bhrí sin, le hinrochtaineacht agus intuarthacht an bhirt lena mbaineann, cumhdaítear an dara gné leis an téarma "foráil le dlí" de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt an oiread céanna agus de réir bhrí Airteagal 8(2) di agus Airteagal 8 de CECD ní hamháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na dlíthiúlachta agus na cosanta leordhóthanaí ar threallachas,[62] ach chun ceangaltas na deimhneachta dlíthiúla a chomhlíonadh freisin.

111. Sa chás seo, tugaim do m'aire, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an oibleagáid atá ar an gcomhlacht a choimeádann clár na n-úinéirí tairbhiúla rochtain a thabhairt don phobal ar shonraí áirithe maidir leis na húinéirí tairbhiúla a bhfuil an comhlacht i ndiaidh iad a bhailiú agus a stóráil, agus an deis a thugtar don phobal i gcoitinne saor-rochtain a fháil ar na sonraí sin, bunaithe ar Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849 agus ar fhoráil na reachtaíochta náisiúnta lena ndearnadh an caighdeán sin a thrasuí.

112. Ar an dara dul síos, foilsíodh an dá Threoir atá i gceist, eadhon Treoracha 2015/849 agus 2018/843, agus an dlí náisiúnta trasuite in irisí oifigiúla a bhfuil rochtain ag gach duine orthu. Sna himthosca sin, féadfar a mheas go gcomhlíontar ceanglais trédhearcachta a bhaineann leis an mbunús dlí lena dtugtar bonn cirt do na teorainneacha atá i gceist.[63]

113. Ar an tríú dul síos, tugaim do m'aire go leagtar síos liosta leis an dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 go soiléir agus go beacht de na sonraí arna mbailiú agus arna stóráil nach mór don chomhlacht atá freagrach as an gclár a choimeád a chur ar fáil don phobal ag a bhfuil rochtain air.

114. Déantar an cinneadh sin, áfach, faoi réir na féidearthachta atá ag na Ballstáit sonraí breise a chur ar fáil don phobal i gcoitinne de bhua úsáid a bhaint as na focail "ar a laghad" sa dara fomhír agus de bhua an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849. Go deimhin, cé gur fíor nach mór foráil a dhéanamh sa dlí náisiúnta chomh maith do rochtain phoiblí ar "s[h]onraí breise", rochtain a bhfuil na Ballstáit in ann foráil a dhéanamh di de bhua na forála sin den tríú fomhír, ní mór na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus é a bheith mar aidhm acu an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint amháin, ach is amhlaidh i gcónaí go bhfuil an fhoráil sin inchomparáide le foráil maidir le "saorthéacs"[64] a bhfuil sé mar aidhm aici, chomh maith leis na forálacha sin atá liostaithe go beacht sa liosta atá sa dara fomhír sin, sraith faisnéise breise nach bhfuil sainithe nó inaitheanta a chur san áireamh.

115. I gcás ina dtagann cur isteach ar na cearta bunúsacha a bhunaítear leis an gCairt as gníomh reachtach de chuid an Aontais, is faoi reachtóir an Aontais atá sé, i gcomhréir leis na critéir maidir le soiléireacht agus beachtas a leagtar amach sa chásdlí dá dtagraítear i mír 110 den Tuairim seo,[65] an raon feidhme beacht den chur isteach sin a chinneadh. Dá bhrí sin, i gcás gur treoir í an ionstraim a roghnaíonn an reachtóir sin, ní féidir, i mo thuairim, léi a bheith tarmligthe chuig na Ballstáit, agus í á trasuí ina ndlíthe náisiúnta, chun na gnéithe riachtanacha lena sainítear an raon

62 Féach breithiúnas an 17 Nollaig 2015, *WebMindLicenses* (C-419/14, EU:C:2015:832, mír 81).

63 Déantar foráil shainráite don cheanglas maidir le trédhearcacht i bpróiseáil sonraí pearsanta in Airteagal 5(1)(a) de RGCS agus tá sé luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur i gcomhthéacs an tríú ceist, faoi (a), i gCás C-601/20.

64 Féach, maidir leis sin, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 160).

65 Chomh maith le prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh. Maidir leis an ngné seo, féach pointe 165 thíos.

feidhme den chur isteach a chinneadh, amhail, i gcás teorainneacha ar na cearta bunúsacha a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, cineál agus méid na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil.

116. Sa chás seo, agus Treoracha 2015/849 agus 2018/843 á nglacadh, chuir reachtóir an Aontais féin teorainn leis na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil an cur isteach a cheadaítear leis na Treoracha sin ar na cearta sin ina thoradh ar an rogha a rinne na Ballstáit,[66] in ainneoin na lánrogha atá aige tráth atá sé á thrasuí sa dlí náisiúnta, ach go bhfuil bunús dlí leis sna Treoracha féin. Sna himthosca sin, bhí sé de dhualgas ar reachtóir an Aontais, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 110 den Tuairim seo agus i gcomhréir leis na caighdeáin arda chosanta do chearta bunúsacha atá sa Chairt go háirithe, méid agus cineál na sonraí pearsanta atá ina n-ábhar próiseála a shainaithint go soiléir agus go beacht. Is oibríocht fhíor-riachtanach í sainaithint den sórt sin, agus ní mór d'aon bhunús dlí ina leith sin lena dtugtar isteach beart lena gcuirtear teorainn le feidhmiú na gceart bunúsach a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt a chur i gcrích ar an mbealach is soiléire agus is beachta is féidir.[67]

117. Dá bhrí sin, ní mór a mheas, sa chás seo, nach sainítear sa bhunús dlí féin lena gceadaítear an cur isteach, eadhon Treoir 2015/849, go soiléir agus go beacht, céard é raon feidhme an teorannaithe ar na cearta bunúsacha lena mbaineann ach amháin i leith sonraí atá inrochtana don phobal i gcoitinne mar a shainmhínítear go beacht sa liosta atá sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849. Ar an taobh eile, ní chomhlíontar an coinníoll sin leis an bhforáil sa dara fomhír agus sa tríú fomhír de mhír 5 maidir leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit sonraí breise, nach bhfuil sainmhínithe go beacht, a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

118. Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach bhfuil sé, ach amháin i bhfianaise an liosta sonraí atá sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 go bhforáiltear le dlí, i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt, do na teorainneacha ar fheidhmiú na gceart a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt atá i gceist.

119. Maidir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Chairt, tugtar faoi deara i mír 70 den Tuairim seo go dtugtar léiriú nithiúil orthu, go háirithe, le hAirteagail 5 agus 6 RGCS.

120. Leagtar síos an ceanglas a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, eadhon an ceanglas nach mór na sonraí lena mbaineann a phróiseáil ar bhonn thoiliú an duine is ábhar do na sonraí nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos sa dlí,[68] in Airteagal 5(1)(a) RGCS[69] agus a dtugtar léiriú nithiúil air in Airteagal 6 den Rialachán sin, lena bhforáiltear do liosta uileghabhálach agus sriantach de na cásanna ina bhféadfaí a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Dá bhrí sin, chun go bhféadfar a mheas gur ábhar dlisteanach é, ní mór don phróiseáil teacht faoi réir ceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 6.[70]

121. Maidir leis sin, is ann do dhá cheist ábhartha, i mo thuairim.

66 Féach, os a choinne sin, breithiúnas an 3 Nollaig 2019, *Poblacht na Seice* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-482/17, EU:C:2019:1035, mír 135).

67 Tagann cás inchomparáide chun cinn i gCás *Ligue des droits humains* (C-817/19), ina gcuirfear mo Thuairim i láthair go luath.

68 Féach aithris 40 RGCS.

69 D'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur an ceanglas maidir le dlíthiúlacht na próiseála faoi Airteagal 5(1)(a) RGCS i gcomhthéacs an tríú ceist, faoi (a), arna tíolacadh i gCás C-601/20.

70 Féach, go háirithe, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).

122. Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an comhlacht atá freagrach as clár na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád i gcur chun feidhme Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849 ag comhlíonadh roinnt forais dlisteanachta a leagtar síos in Airteagal 6 RGCS. [71]

123. Go deimhin, comhlíonann an phróiseáil sin, ar an gcéad dul síos, an foras a leagtar síos in Airteagal 6(c) RGCS, a bhaineann le comhlíonadh oibleagáide dlíthiúla, ós rud é go bhfuil an comhlacht sin faoi réir na hoibleagáide próiseáil den sórt sin a dhéanamh a eascraíonn as an dlí, mar a leagtar amach i mír 111 den Tuairim seo.

124. Ar an dara dul síos, comhlíonann an phróiseáil sin an foras a leagtar síos in Airteagal 6(e) RGCS, a bhaineann le cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail atá dílsithe don chomhlacht. [72] Go deimhin, trí chlár na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád agus na feidhmeanna go léir dá bhforáiltear in Airteagal 30 de Threoir 2015/849 a chomhlíonadh maidir leis an gclár sin, cuidíonn an comhlacht sin le cuspóir an leasa ghinearálta a shaothraítear leis an Treoir sin a bhaint amach, eadhon sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus a chosc. [73] Thairis sin, is léir go sainráite ó Airteagal 43(1) de Threoir 2015/849, go meastar mar ábhar leasa phoiblí faoi RGCS é go ndéanfar próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn na Treorach sin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

125. Ar an tríú dul síos, comhlíonann an phróiseáil chéanna an foras a leagtar síos in Airteagal 6(f) RGCS, maidir le leas dlisteanach atá á shaothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí sin a bhaint amach. Go deimhin, trí rochtain ar na sonraí sin a cheadú, fágann an comhlacht sin gur féidir leis na tríú páirtithe sin rannchuidiú leis an gcuspóir thuasluaite.

126. Ar an dara dul síos, tugaim do m'aire gur léir ó chásdlí na Cúirte nach dtoirmisctear, le hAirteagal 5 ná le hAirteagal 6 RGCS, ar bhealach ginearálta agus iomlán, de bhua na reachtaíochta náisiúnta, d'údarás nó do chomhlacht ar cuireadh de chúram air le dlí clár a choimeád amhail clár na n-úinéirí tairbhiúla a bheith de chumhacht, nó fiú de cheangal, sonraí pearsanta a nochtadh don phobal, i gcás inar gá nochtadh den sórt sin chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil. [74]

127. Dá bhrí sin, ní chuirtear cosc le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 6 RGCS *per se* ar chlár ina bhfuil sonraí pearsanta a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne air, is é sin le rá ag líon neamhtheoranta agus éiginnte daoine, gan rialú agus bonn cirt leis agus gan an duine is ábhar do na sonraí a bheith ar an eolas maidir le cé aige a bhfuil rochtain ar na sonraí sin. Is é an cheist ábhartha atá ann ansin ná an bhfuil cur chuige den sórt sin comhréireach, i bhfianaise chuspóir an leasa ghinearálta arna shaothrú agus á chur san áireamh an leibhéal tromchúise a ghabhann leis an gcur isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.

71 Féach, *mutatis mutandis*, i bhfianaise an údaráis atá freagrach as clár na gcuideachtaí a choimeád, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 42).

72 Féach freisin, maidir leis sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 99, an abairt dheireanach).

73 Maidir leis sin, féach, go mionsonraithe, mír 137 den Tuairim seo.

74 Féach, chuige sin, go sainráite breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, míreanna 103 agus 104). Ar an gcaoi chéanna, bhain an cás ba chúis le breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197) le rochtain ag tríú páirtithe ar chlár ina raibh sonraí pearsanta.

128. Is léir ón méid thuas go bhfuil an phróiseáil a eascraíonn as Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849, dleathach faoi Airteagal 8(2) den Chairt agus Airteagal 5(1)(a) agus Airteagal 5(6) RGCS.

(b) Inneachar sár-riachtanach na gceart a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chairt a chomhlíonadh

129. Ní hamháin go mbeidh bunús dlí atá beacht go leor ag aon teorainn ar fheidhmiú na gceart bunúsach, ach caithfidh sé inneachar sár-riachtanach na gceart sin a urramú freisin. Tugtar le tuiscint, leis an gceanglas atá leagtha amach in Airteagal 52(1) den Chairt a fhágann nach mór d'aon teorannú ar na cearta agus saoirsí a ráthaítear leis an gCairt inneachar sár-riachtanach na gceart nó na saoirsí sin a urramú, nach féidir, i gcás ina ndéantar dochar leis an gcur isteach, le haon chuspóir dlisteanach bonn cirt a thabhairt dó. Glactar leis ansin go bhfuil an cur isteach ag teacht salach ar an gCairt, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh maidir lena bheith oiriúnach agus riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach. [75]

130. Maidir leis sin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 52(1) den Chairt agus ó chásdlí na Cúirte nach mór an measúnú ar chur isteach ar inneachar sár-riachtanach an chirt bhunúsaigh lena mbaineann a dhéanamh sula ndéanfar meastóireacht ar chomhréireacht an bhirt lena mbaineann agus é sin go neamhspleách ón measúnú sin, agus, dá bhrí sin, gur tástáil í a bhfuil a neamhspleáchas féin aici. [76]

131. É sin ráite, sa chás seo, i mo thuairim, níl dochar á dhéanamh leis na teorainneacha ar fheidhmiú na gceart a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt lena mbaineann, a eascraíonn as próiseáil na sonraí a luaitear sa liosta dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, d'inneachar sár-riachtanach na gceart sin.

132. Go deimhin, maidir leis an gceart maidir le hurraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, mar is léir i míreanna 96 go 104 den Tuairim seo, ní fhágann an cur isteach a eascraíonn as na próisis dá dtagraítear sa mhír roimhe seo gur féidir faisnéis bheacht a fháil maidir leis na daoine is ábhar do na sonraí agus, dá bhrí sin, ní dhéanann siad difear go díreach agus go láidir dá saol príobháideach. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas, maidir leis na teorainneacha atá leis an gceart sin mar thoradh ar an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis a bhaineann le húinéirí tairbhiúla arna bhunú le Treoir 2015/849, go ndéanann na teorainneacha sin difear d'inneachar sár-riachtanach an chirt bhunúsaigh a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt. [77]

133. Maidir leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, arna ráthú le hAirteagal 8 den Chairt, measann an Chúirt ina cásdlí go gcaomhnaítear inneachar sár-riachtanach an chirt sin i gcás ina bhfuil teorainn le cuspóirí na próiseála agus ina bhfuil rialacha ag gabháil leis an bpróiseáil atá ceaptha chun, go háirithe, slándáil, rúndacht agus sláine na sonraí a áirithiú agus chun iad a chosaint ar rochtain agus ar phróiseáil neamhdhleathach. [78]

75 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Saugmandsgaard Øe i gCás *Facebook Ireland agus Schrems* (C-311/18, EU:C:2019:1145, mír 272).

76 Chun mionanailís a dhéanamh ar an gceist maidir le hinneachar sár-riachtanach na gceart a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chairt a chomhlíonadh, tagraím do mo Thuairim i gCás C-817/19, *Ligue des droits humains*, a chuirfear i láthair go luath.

77 Féach, chuige sin, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 150).

78 Féach, chuige sin, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 150).

134. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na críocha lena dtugtar bonn cirt le próiseáil sonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach, maidir leis an gcóras arna bhunú le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849, teoranta. Go deimhin, ní thugtar bonn cirt le próiseáil na faisnéise sin ach amháin le baint amach na gcuspóirí leasa ghinearálta a leagtar amach sa Treoir agus le rochtain phoiblí ar na sonraí sin, dá dtagraítear i míreanna 138 agus a leanas thíos agus, go háirithe, le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus a chosc.

135. Ina dhiaidh sin, is léir ó Airteagal 41 de Threoir 2015/849, agus ó aithris 38 de Threoir 2018/843, go bhfuil feidhm ag RGCS maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs an chórais rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla arna bhunú leis an dá Threoir sin. Mar a thugtar faoi deara i míreanna 65 agus 72 den Tuairim seo, ní mór na forálacha sin a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach le RGCS. Mar sin féin, leagtar síos rialacha le RGCS atá ceaptha, go háirithe, slándáil, rúndacht agus sláine sonraí a áirithiú, chomh maith le sonraí den sórt sin a chosaint ar rochtain agus ar phróiseáil neamhdhleathach.

136. Sna himthosca sin, ní féidir a mheas go ndéanann na teorainneacha ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt, a eascraíonn as an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla arna bhunú le Treoir 2015/849, difear d'inneachar sár-riachtanach an chirt bhunúsaigh sin ach oiread.

137. Maidir leis an "[bh]faisnéis bhreise" dá dtagraítear i míreanna 105 go 107 agus i míreanna 114 go 116 den Tuairim seo, ar an taobh eile, ós rud é nach bhfuil an fhaisnéis sin sainithe go beacht, ní féidir a chinneadh gur féidir leis na teorainneacha ar na cearta bunúsacha lena mbaineann, a eascraíonn as an gcóras rochtana poiblí ar na sonraí sin, difear a dhéanamh do bhunéirim na gceart a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt.

(c) Na cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla

138. Chun go dtabharfar bonn cirt leo i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ní mór na teorainneacha ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt cuspóirí leasa ghinearálta a chomhlíonadh.

139. Maidir leis sin, tugaim do m'aire go leagtar amach i dTreoir 2018/843 ar bhealach níos mionsonraithe, in aithris 4 agus aithrisí 30 go 38,[79] na cúiseanna a thug ar reachtóir an Aontais leasú a dhéanamh ar an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, mar a foráladh dó ar dtús i dTreoir 2015/849.

140. Mar a luadh cheana i míreanna 50 agus 60 den Tuairim seo, is léir ó na haithrisí sin go bhfuil an córas sin mar chuid de phríomhchuspóir Threoir 2015/849, a leagtar síos in Airteagal 1(1) di, eadhon cosc a chur ar chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh a úsáid chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta. Sa chomhthéacs sin, bhí sé mar aidhm ag na leasuithe a tugadh isteach le Treoir 2018/843 leibhéal níos airde trédhearcachta a chur chun cinn maidir le húinéirí tairbhiúla agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach, agus é mar phríomhchuspóir acu timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go mbainfí úsáid aisti chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.[80] Sna himthosca sin, a mhéid a

[79] Tá na haithrisí seo san áireamh sna fonótaí 21 go 24, 27 agus i míreanna 161, 181, 184, 204 agus 212 den Tuairim seo.

[80] Féach aithris 31, de Threoir 2018/843, go sonrach an abairt dheireanach, a leagtar amach i bhfonóta 23 den Tuairim seo.

fhéachtar le Treoir 2018/843 ní hamháin sciúradh airgid a bhrath agus imscrúdú a dhéanamh air, ach freisin chun é sin a *chosc*, is éard an aidhm atá ann ná go mbeidh trédhearcacht fheabhsaithe ina díspreagadh an-éifeachtach. [81]

141. Sa chomhthéacs sin, tagraítear in aithris 30 de Threoir 2018/843 do roinnt cuspóirí sonracha dá dtagraítear sa chóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla. Dá bhrí sin, is é is aidhm don rochtain sin, ar an gcéad dul síos, go bhféadfadh an tsochaí shibhialta grinnscrúdú níos mó a dhéanamh ar fhaisnéis, lena n-áirítear an preas nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ar an dara dul síos, rannchuidíonn sí le hiontaoibh i sláine na n-idirbheart gnó agus an chórais airgeadais a chaomhnú. Ar an tríú dul síos, is féidir léi rannchuidiú le mí-úsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil agus comhshocruithe dlíthiúla eile chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, trí chuidiú le himscrúduithe agus trí éifeachtaí clú araon, ós rud é go bhfuil aon duine a d'fhéadfadh idirbhearta a dhéanamh leosan ar an eolas faoi chéannacht na n-úinéirí tairbhiúla. Ar an gceathrú dul síos, éascaíonn sí freisin cur ar fáil tráthúil agus éifeachtúil faisnéise d'institiúidí airgeadais agus do na húdaráis, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh cionta den sórt sin. Ar an gcúigiú dul síos, chuideodh rochtain ar an bhfaisnéis sin freisin le himscrúduithe ar sciúradh airgid, ar chionta preideacáide bainteacha agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta.

142. Is ionann bunchuspóir substainteach an bhirt lena mbaineann—eadhon an leasú ar Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849 a eascraíonn as Treoir 2018/843, lenar díscíodh an ceanglas d'aon duine nó d'aon eagraíocht "leas dlisteanach" a léiriú chun bheith in ann rochtain a fháil ar shonraí maidir le húinéirí tairbhiúla—agus, dá bhrí sin, trédhearcacht a mhéadú chun rannchuidiú le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

143. Maidir leis sin, tugaim do m'aire, ar an gcéad dul síos, gur léir ó chásdlí na Cúirte gur cuspóir dlisteanach í úsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ar cuspóir dlisteanach é ar thacaigh na Ballstáit leis ar an leibhéal idirnáisiúnta [82] agus ar leibhéal an Aontais araon agus atá in ann bonn cirt a thabhairt le bac ar chearta atá faoi chosaint ag dlíchóras an Aontais. [83]

144. Ar an dara dul síos, tá baint ag cuspóir an bhirt dá dtagraítear i mír 142 thuas le prionsabal na trédhearcachta, a bhfuil raon feidhme an dlí phríomha aige, mar a thugtar faoi deara i míreanna 38 go 48 den Tuairim seo.

145. Ar an tríú dul síos, d'aithin an Chúirt, ina cásdlí, go bhfuil nasc idir an cuspóir maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus an cuspóir maidir le cosaint an bheartais phoiblí. [84] I gcomhréir leis an gcásdlí sin, ba cheart a mheas go bhfuil sé mar aidhm ag an mbeart lena mbaineann go saothrófar an cuspóir cionta coiriúla tromchúiseacha (sciúradh

81 Féach aithris 4, *in fine*, de Threoir 2018/843.

82 Tá an cuspóir seo mar chuid d'fhorbairtí idirnáisiúnta a bhfuil sé mar aidhm acu trédhearcacht fhoriomlán na timpeallachta eacnamaíche agus airgeadais a fheabhsú. Féach togra ón gCoimisiún chun go nglacfar Treoir 2018/843 (COM(2016) 450 final, lch. 4). Féach freisin aithris 4 de Threoir 2018/843.

83 Féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Aibreán 2013, *Jyske Bank Gibraltar* (C-212/11, EU:C:2013:270, míreanna 62 agus 64 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 10 Márta 2016, *Safe Interenvíos* (C-235/14, EU:C:2016:154, mír 102). Maidir leis an *gcomhrac* i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, féach freisin breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Zheng* (C-190/17, EU:C:2018:357, mír 38).

84 Féach breithiúnais an 25 Aibreán 2013, *Jyske Bank Ghiobráltar* (C-212/11, EU:C:2013:270, mír 64) agus an 10 Márta 2016, *Safe Interenvíos* (C-235/14, EU:C:2016:154, mír 102).

airgid) a chosc agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí (sceimhlitheoireacht) a chosc, cuspóirí ar féidir leo, de réir an chásdlí, bonn cirt a thabhairt le cur isteach tromchúiseach fiú ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt. [85]

(d) Prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh

146. De réir an dara habairt d'Airteagal 52(1) den Chairt, ní fhéadfar teorainneacha a chur le feidhmiú cirt bhunúsaigh a aithnítear sa Chairt ach amháin má chomhlíonann sé prionsabal na comhréireachta.

147. Maidir leis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, go gceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais oiriúnach le haghaidh cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú ag an reachtaíocht atá i gceist a bhaint amach agus nach sárófar leo na teorainneacha maidir leis an méid is iomchuí agus is gá d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach. [86]

(1) Oiriúnacht an bhirt chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach

148. I dtús báire, ardaítear an cheist an bhfuil an beart lena mbaineann dá dtagraítear i mir 142 thuas oiriúnach chun na cuspóirí arna saothrú agus dá dtagraítear i míreanna 140 go 142 den Tuairim seo a bhaint amach.

149. Maidir leis sin, ní léir go bhfuil aon amhras ann gur dócha go gcumasófaí, le rochtain níos leithne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla amhail an rochtain arna bunú leis an mbeart sin, níos mó mí-úsáide a d'fhéadfaí a bhaint as eintitis chorparáideacha nó eintitis eile agus comhshocruithe dlíthiúla chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus gur bealach oiriúnach í an rochtain sin chun timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go n-úsáidfí í le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin.

150. Dá bhrí sin, is ionann an rochtain níos leithne agus bealach comhlántach chun iompar den sórt sin a dhíspreagadh, rud atá *oiriúnach* chun rannchuidiú le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a *chosc*. [87]

(2) Fíorghá leis an gcur isteach

151. I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, ní mór, d'fhonn an ceart bunúsach maidir le hurraim don saol príobháideach a chosaint ar leibhéal an Aontais, na díolúintí agus teorainneacha le sonraí pearsanta a chosaint a bheith infheidhme a mhéid a bhfuil *fíorghá* leo amháin. [88]

85 Breithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, EU:C:2018:788, míreanna 56 agus 57), an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 140) agus an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 35). Féach freisin Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 149).

86 Féach, go háirithe, breithiúnas an 8 Aibreán 2014, Digital Rights Ireland agus páirtithe eile (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2014:238, míreanna 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

87 Leagtar béim air sin in aithris 4 de Threoir 2018/843 ina ndeirtear "Ní féidir le cosc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a bheith éifeachtach mura rud é go bhfuil an timpeallacht ina bhfeidhmíonn coirpigh chun dídean a aimsiú dá ngnóthaí airgeadais trí bhíthin struchtúir neamh-thrédhearcacha doicheallach dóibh".

88 Féach Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada), an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 140), agus breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 130 agus an cásdlí dá dtagraítear).

152. Ní chomhlíontar an ceanglas sin maidir le gá a bheith ann i gcás inar féidir an cuspóir leasa ghinearálta arna shaothrú a bhaint amach ar bhealach atá chomh héifeachtach céanna ar bhealaí eile agus nach ndéanann dochar do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, go háirithe na cearta maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus sonraí pearsanta a chosaint a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, ní mór díolúintí agus teorainneacha a bheith ar an bprionsabal go ndéanfar na sonraí sin a chosaint a mhéid a bhfuil fíorghá leo amháin. [89]

153. Thairis sin, ní féidir cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú gan a chur san áireamh nach mór é a thabhairt i gcomhréir leis na cearta bunúsacha a mbaineann an beart leo, trí chothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, an cuspóir leasa ghinearálta agus, ar an taobh eile, na cearta atá i gceist. [90]

154. Go sonrach, ní mór comhréireacht teorann leis na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt a mheas trí thromchúis an chuir isteach a bhaineann le teorannú den sórt sin a thomhas agus trína fhíorú go bhfuil tábhacht an chuspóra leasa ghinearálta atá á shaothrú leis an teorannú sin ag teacht leis an tromchúis sin. [91]

155. D'fhonn ceanglas na comhréireachta a chomhlíonadh, ní mór foráil a dhéanamh sa reachtaíocht atá i gceist, a bhaineann leis an gcur isteach, do rialacha soiléire agus beachta maidir le raon feidhme agus cur i bhfeidhm an bhirt atá i gceist lena bhforchuirtear ceanglais íosta, ionas go mbeidh ráthaíochtaí leordhóthanacha ag na daoine is ábhar do na sonraí chun na sonraí sin a chosaint go héifeachtach i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu. Ní mór na himthosca agus na coinníollacha faoina bhféadfar beart a dhéanamh lena bhforálfar do phróiseáil sonraí den sórt sin a shonrú ann, agus ar an gcaoi sin a ráthú go mbeidh an cur isteach teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis. Tá an gá atá le ráthaíochtaí den sórt sin níos tábhachtaí fós nuair a bhíonn sonraí pearsanta faoi réir próiseáil uathoibrithe, go háirithe i gcás ina bhfuil baol suntasach ann go mbeidh rochtain neamhdhleathach ar na sonraí sin. [92]

156. Is i bhfianaise na bprionsabal sin is gá a fhíorú an bhfuil an cur isteach atá i gceist de chineál a bhfuil fíorghá leis.

(i) Méid na faisnéise a nochtar

157. Ar an gcéad dul síos, tagann an cheist an bhfuil fíorghá leis na hoibríochtaí próiseála atá i gceist—chun cuspóirí leasa ghinearálta atá á saothrú a bhaint amach—i bhfianaise na gcineálacha sonraí a nochtar agus a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu. Go deimhin, i measc na ngnéithe a chuireann an Chúirt san áireamh agus measúnú á dhéanamh aici ar chomhréireacht

[89] Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, míreanna 109 agus 110). Féach, freisin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe i gCás *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2021:991, mír 54).

[90] Féach Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada), an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 140), agus breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, La Quadrature du Net agus páirtithe eile (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 130).

[91] Féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal*, C-207/16, (EU:C:2018:788, míreanna 55 agus an cásdlí dá dtagraítear), an 6 Deireadh Fómhair 2020, La Quadrature du Net agus páirtithe eile (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 131) agus an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 32).

[92] Féach Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada), an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 141), agus breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 132).

birt a bhaineann le cur isteach ar na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, tá leordhóthanacht, ábharthacht agus nádúr neamhiomarcach na sonraí pearsanta a phróiseáiltear. [93]

158. Thairis sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an gcoinníoll a bhaineann leis an ngá atá le próiseáil i gcomhar leis an bprionsabal "íoslaghdú sonraí", a chumhdaítear in Airteagal 5(1)(c) RGCS, ar dá réir nach mór sonraí pearsanta a bheith "leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil". [94] Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur go sainráite don fhoráil sin de RGCS ina tríú ceist, faoi (c), i gCás C-601/20.

159. Mar a tugadh faoi deara cheana, níl rochtain ag an bpobal i gcoitinne ach ar roinnt de na sonraí pearsanta arna soláthar ag eintitis chorparáideacha agus ag eintitis dhlíthiúla eile do chlár na n-úinéirí tairbhiúla faoi Airteagal 30(1) agus (3) de Threoir 2015/849. Faoi réir na "faisnéis bhreise" dá dtagraítear i míreanna 105 go 107 agus i míreanna 114 go 116 den Tuairim seo, baineann sé sin leis na sonraí arna sonrú sa liosta atá sa dara fomhír d'Airteagal 30(5), a luaitear i mír 57 den Tuairim seo. Maidir le sonraí eile a d'fhéadfaí a stóráil sa chlár seo agus atá inrochtana ag na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, amhail, mar shampla, i Lucsamburg, níl rochtain ag an bpobal i gcoitinne ar an uimhir aitheantais náisiúnta agus an seoladh beacht. Seachas an "f[h]aisnéis bhreise", mar a thugtar uirthi, déantar na sonraí atá á bpróiseáil a shainaithint go soiléir agus go beacht, mar a cheanglaítear leis an gcásdlí. [95]

160. Mar sin féin, ba cheart tabhairt faoin gceist an bhféadfar a mheas go bhfuil na sonraí sin neamhiomarcach i ndáil leis na críocha a shaothraítear leis an gcóras rochtana poiblí arna bhunú le Treoir 2015/849.

161. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear go sainráite in aithris 34 de Threoir 2018/843 maidir leis an gceanglas íoslaghdaithe sonraí a chomhlíonadh i gcás ina luaitear ann gur "cheart an tacar sonraí atá le cur ar fáil don phobal a bheith teoranta, sainmhínithe go soiléir agus go hiomlán, agus ba cheart go mbeadh sé de chineál ginearálta, chun go n-íoslaghdófar an dochar ionchasach do na húinéirí tairbhiúla. Ag an am céanna, níor cheart go mbeadh difríocht shuntasach idir an fhaisnéis atá inrochtana don phobal agus na sonraí a bhailítear faoi láthair. Chun an bac ar an gceart ar urraim dá saol príobháideach go ginearálta a theorannú agus ar a sonraí pearsanta a chosaint go háirithe, ba cheart go mbainfeadh an fhaisnéis sin go bunúsach le stádas úinéirí tairbhiúla [...], agus ba cheart go mbainfeadh sé go docht leis an réimse gníomhaíochta eacnamaíche ina n-oibríonn na húinéirí tairbhiúla."

162. Mar a thugtar faoi deara i míreanna 96 go 98 den Tuairim seo, comhfhreagraíonn na sonraí atá ar fáil go poiblí do dhá chatagóir, arb é an cuspóir atá leo, faoi seach, duine an úinéara thairbhiúil a shainaithint, chomh maith le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear.

[93] Féach, go háirithe, maidir leis sin, breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2014:238, mír 57). Maidir leis an gceanglas go mbeadh na catagóirí sonraí a chumhdaítear le beart rochtana teoranta atá fíor-riachtanach don chuspóir atá á shaothrú, féach breithiúnas an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí)* (C-746/18, EU:C:2021:152, mír 38).

[94] Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Nollaig 2019, *Asociația ia de Proprietari bloc M5A-ScaraA* (C-708/18, EU:C:2019:1064, mír 48). Féach, freisin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe i gCás *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2021:991, mír 64).

[95] Féach, chuige sin, go háirithe, Tuairim 1/15 (Comhaontú i dtaca le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-Cheanada) an 26 Iúil 2017 (EU:C:2017:592, mír 154).

163. Maidir leis an gcéad chatagóir sonraí, measaim gur féidir léiriú an ainm, na míosa agus na bliana breithe a mheas mar an tacar íosta agus leordhóthanach sonraí chun gur féidir duine an úinéara thairbhiúil a shainaithint go beacht. Maidir le náisiúntacht [96] agus tír chónaithe, fágann na sonraí sin gur féidir, ar thaobh amháin, an tsainaithint sin a shonrú agus, ar an taobh eile, soiléiriú a thabhairt maidir le cibé acu an infheistíocht nó rannpháirtíocht áitiúil nó neamháitiúil í, a bhfuil cuma air a bheith ábhartha agus riachtanach chun baol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chinneadh.

164. Maidir leis an dara catagóir sonraí, creidim freisin gurb ionann léiriú ar chineál agus ar mhéid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear agus an tacar íosta agus leordhóthanach sonraí lena bhféadfar raon feidhme na hinfheistíochta nó na rannpháirtíochta a shainaithint, rud atá ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le mí-úsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.

165. Maidir leis an "faisnéis bhreise" thuasluaite, a fhéadfaidh na Ballstáit a chur ar fáil don phobal i gcoitinne tríd an tsolúbthacht a thugtar dóibh leis an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 a chur i bhfeidhm, ar an gcéad dul síos, mar a shonraítear i míreanna 114 go 116 den Tuairim seo, ní aithnítear an fhaisnéis go soiléir ná go beacht. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann sí ceanglas na comhréireachta, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 155 den Tuairim seo. Thairis sin, ní cosúil go bhfuil gá léi chun an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint. Féadfar duine an úinéara thairbhiúil a shainaithint, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, ar bhonn na faisnéise atá leagtha amach sa liosta atá sa dara fomhír sin. [97]

(ii) Líon na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar shonraí maidir le húinéirí tairbhiúla, agus an córas rochtana ar shonraí den sórt sin

166. Beidh ceist ann ansin an bhfuil sé fíor-riachtanach, chun na cuspóirí leasa ghinearálta dá dtagraítear a bhaint amach, go bhféadfadh an pobal i gcoitinne rochtain a fháil ar na sonraí atá i gceist, eadhon ag líon neamhtheoranta agus dochinntithe daoine. Tá baint ag an gceist sin le fíorghá na forála maidir le rochtain ar na sonraí sin gan rialú ná bonn cirt. Eascraíonn an dara ceist sin, maidir le coinníollacha rochtana do thríú páirtithe, go díreach ón díothú a rinneadh le Treoir 2018/843 ar an ngá a léiriú, chun críocha na rochtana sin, go bhfuil leas dlisteanach ann, mar a foráladh ar dtús sa leagan bunaidh d'Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849. Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do na ceisteanna sin go léir i gceist 3(a) i gCás C-601/20.

167. Maidir le ceist a bhaineann le rochtain ag líon neamhtheoranta agus dochinntithe daoine ar na sonraí atá i gceist, tugaim do m'aire gur toradh nádúrtha é sin ar an rogha córas rochtana poiblí ar chlár a bhunú. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ag líon neamhtheoranta agus dochinntithe daoine ar aon chlár poiblí. Maidir leis sin, is léir ó mhíreanna 126 agus 127 den Tuairim seo, de réir an chásdlí, nach gcuirtear cosc *per se* le dlí an Aontais, ar chlár a choimeád ina bhfuil sonraí pearsanta a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

[96] Sonraítear freisin le haithris 34 de Threoir 2018/843 "Maidir le faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla, is féidir le Ballstáit foráil do fhaisnéis faoi náisiúntacht a áireamh sa chlár lárnach, go háirithe i gcás úinéirí tairbhiúla neamhdhúchasacha. Chun nósanna imeachta na clárlainne a éascú, agus de bhrí gur náisiúnaigh de chuid an stáit a chothabhálann an clár lárnach a bheidh i bhformhór mór na n-úinéirí tairbhiúla, féadfaidh Ballstáit a thoimhdiú gur duine dá náisiúntacht féin atá in úinéir tairbhiúil sa chás nach ndéantar aon iontráil dá mhalairt".

[97] Tugaim do m'aire, maidir leis sin, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, i gceist 3(c), i gCás C-601/20, an gcuirtear dáta iomlán na breithe le lá breithe agus áit bhreithe an úinéara thairbhiúil le reachtaíocht Lucsamburg, le cur i bhfeidhm na solúbthachta a fágadh faoi na Ballstáit leis an tríú fomhír d'Airteagal 30(5). Ina bharúlacha, bhí an gá atá le sonraí den sórt sin á cheistiú ag Sovim freisin.

168. Mar a thugtar faoi deara i mír 77 den Tuairim seo, áfach, níl sé i gceist leis an gcéad cheist i gCás C-601/20 an rogha a rinne reachtóir an Aontais chun clár d'úinéirí tairbhiúla atá poiblí a bhunú a thabhairt faoi cheist, eadhon clár a bhfuil rochtain ag tríú páirtithe air agus ní ag na húdaráis phoiblí amháin. Ní bhaineann an cheist sin ach leis na coinníollacha rochtana ar an gclár atá ag tríú páirtithe, eadhon díothú le Treoir 2018/843 ar an ngá atá ann a thaispeáint go bhfuil leas dlisteanach ann chun críocha na rochtana sin.

169. Mar sin féin, ina chuid barúlacha, caitheann Sovim amhras ar an ngá atá le rochtain an phobail i gcoitinne chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Go sonrach, mhaígh Sovim nach bhfuil rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla úsáideach ná riachtanach, chun na gcríoch sin, toisc gurb iad na húdaráis phoiblí inniúla, a bhfuil modhanna agus uirlisí dlíthiúla suntasacha ar fáil dóibh, a áirithíonn an comhrac seo. I mo thuairim, áfach, tugtar neamhaird leis an argóint sin ar a bhfuil beartaithe leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, cé go gcomhlánaíonn sé cúraimí na n-údarás atá freagrach as na gníomhaíochtaí coiriúla sin a *bhrath* agus *an dlí a fhorfheidhmiú ina leith*, is é sin le rá, go sonrach, na gníomhaíochtaí sin a *chosc*. Mar is léir ó aithrisí 30 go 33 de Threoir 2018/843[98] agus mar a thugtar faoi deara i míreanna 140 agus a leanas den Tuairim seo, ba faoi threoir shaothrú an chuspóra sin maidir le cosc a bhí reachtóir an Aontais agus athchóiriú 2018 á dhéanamh aige.

170. Sa chomhthéacs sin, má tá sé mar aidhm timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go n-úsáidfear í chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus más é an modh a roghnaítear an leibhéal trédhearcachta maidir le húinéirí tairbhiúla a mhéadú chun a áirithiú go ndéanfaidh an tsochaí shibhialta grinnscrúdú níos mó ar fhaisnéis, is léir gur gá, chun na gcríoch sin, clár poiblí maidir le húinéirí tairbhiúla a bhfuil rochtain ag tríú páirtithe air a bhunú. Áirítear leis na tríú páirtithe sin go háirithe (ach ní go heisiach) an preas nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta,[99] eadhon iad siúd ar "cúntóirí daonlathacha"[100] iad agus a bhfuil ról bunúsach acu chun a áirithiú go mbeidh smacht ag an tsochaí shibhialta ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar leasanna bunúsacha an chomhphobail.[101] Is cosúil nach féidir cuspóir den sórt sin a bhaint amach ar bhealaí eile.[102]

171. Mar sin féin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 152 den Tuairim seo, is é atá i gceist leis an anailís ar fhíorghá a bheith ann leis an gcur isteach lena mbaineann scrúdú a dhéanamh cibé an bhféadfaí nó nach bhféadfaí an cuspóir sin maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a *chosc*, a baineadh amach trí leibhéal na trédhearcachta a mhéadú, a bhaint amach freisin ar bhealach nach mbeadh chomh sriantach céanna do chearta na ndaoine lena mbaineann is atá rochtain a áirithiú d'aon duine den phobal i gcoitinne gan rialú ná bonn cirt. Go sonrach, ba cheart a fhíorú an féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a theorannú, mar a bhí roimh athchóiriú 2018, díreach dóibh siúd atá in ann leas dlisteanach a léiriú maidir le rochtain ar na sonraí sin. Is é seo an dara ceist dá dtagraítear i bpointe 165 den Tuairim seo maidir leis na coinníollacha rochtana.

98 Féach fonótaí 22 go 25 den Tuairim seo.

99 Féach aithrisí 30 go 32 de Threoir 2018/843, a leagtar amach i bhfonótaí 22 go 24 den Tuairim seo.

100 Sna téarmaí sin, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe i gCás *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2021:991, fonóta 49).

101 Féach, chuige sin, mír 48 den Tuairim seo.

102 I mo thuairim, ní féidir leis na húdaráis phoiblí atá freagrach as na gníomhaíochtaí coiriúla lena mbaineann a bhrath agus a chur faoi chois cuspóir an choisc a bhaint amach ina n-aonair. Ní aontaím leis an tagairt a rinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chuige sin i rith na héisteachta, i mír 88 de bhreithiúnas an 20 Bealtaine 2003, *Österreichischer Rundfunk agus páirtithe eile* (C-465/00, C-138/01 agus C-139/01, EU:C:2003:294).

172. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ón measúnú tionchair a rinne an Coimisiún [103]—a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ar dá barr a glacadh Treoir 2018/843 [104]—gur fhág cur i bhfeidhm an chritéir leasa dhlisteanaigh, a raibh a shainmhíniú faoin leagan bunaidh de Threoir 2015/849 i bhfeidhm faoi dhlí náisiúnta na mBallstát, teorainneacha iomarcacha ar an bhféidearthacht rochtain a fháil ar chlár na n-úinéirí tairbhiúla agus ar easpa aonfhoirmeachta sna coinníollacha le haghaidh rochtain ar an gclár sin san Aontas Eorpach.

173. Go sonrach, leag na Ballstáit béim ar dheacrachtaí maidir le coincheap an leasa dhlisteanaigh a leagan síos agus maidir le cinneadh a dhéanamh faoi na catagóirí daoine agus eagraíochtaí ar cheart dóibh a bheith in ann leas dlisteanach a léiriú maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Mar a shonraigh an Coimisiún i rith na héisteachta, ba é an toradh a bhí ar an deacracht seo a bhain leis an gcoincheap sin a leagan síos, i gcásanna áirithe, ná teorainn iomarcach ar rochtain ar an bhfaisnéis atá sa chlár.

174. Nuair a cuireadh an tástáil "leas dlisteanach" i bhfeidhm, fágadh go raibh rochtain ar an gclár "laistigh den Aontas" deacair agus mall freisin, eadhon rochtain ag eintitis faoi oibleagáid de Bhallstáit eile agus ag aonaid um fhaisnéis airgeadais na mBallstát eile. Go háirithe, chun rochtain a fháil ar chlár de chuid Ballstáit, bhí air aonad um fhaisnéis airgeadais i mBallstát eile rochtain ar aonad an Bhallstáit lena mbaineann a iarraidh, rud a d'fhág go raibh an nós imeachta i bhfad níos anásta agus níos moille.

175. Tugadh le fios sa mheasúnú tionchair sin, ar an taobh eile, go mbeadh rochtain níos simplí, níos tapúla, nach mbeadh sí chomh casta, agus go mbeadh sí níos comhleanúnaí ar leibhéal an Aontais dá n-osclófaí an clár ina iomláine, trí dheireadh a chur leis an gcoinníoll maidir le leas dlisteanach a léiriú roimh ré maidir le rochtain a fháil ar an gclár.

176. I mo thuairim, léirítear leis na breithnithe seo, más rud é, chun an cuspóir maidir le cosc atá luaite i míreanna 140 go 142 agus 170 den Tuairim seo a bhaint amach, go bhfuil sé mar aidhm ag an mbeart lena mbaineann an t-uasleibhéal trédhearcachta is féidir a bhaint amach maidir leis na sonraí atá i gceist agus chun na bacainní ar rochtain ar na sonraí sin lena bhféadfaí bac a chur ar rochtain éifeachtach agus thapa orthu a íoslaghdú, don phobal agus d'aon duine nó eagraíochtaí eile ar spéis leo rochtain a fháil orthu, is gá mar sin deireadh a chur leis an gcoinníoll atá bunaithe ar léiriú a bheith déanta roimh ré ar leas dlisteanach maidir leis an rochtain. [105] Cé gur príomhthoisc í, i gcoitinne, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla i rianú coirpeach, [106] is ar an mbealach sin amháin, tríd an díothú sin, gur féidir a áirithiú nach mbeidh aon bhacainní ar rochtain ar shonraí den sórt sin agus go mbainfear amach an t-uasleibhéal trédhearcachta.

103 SWD(2016) 223 final, an 5 Iúil 2016 (féach, go sonrach, lgh. 99-104).

104 COM(2016) 450 final, an 5 Iúil 2016.

105 Rogha eile is cosúil nach bhfuil tugtha faoi deara (nó ar a laghad nach léir go bhfuil ó na doiciméid atá ar fáil) ná go bhfhéadfaí an coincheap "leas dlisteanach", a leagan síos ar leibhéal dhlí AE, rud a thabharfadh bonn cirt le rochtain ar an gclár. Mar sin féin, seachas na deacrachtaí a bhaineann leis an gcoincheap sin a leagan síos agus an baol reatha go bhféadfadh na húdaráis nó na comhlachtaí atá freagrach as an gclár an coincheap céanna a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm ar bhealach difriúil ón gcoincheap céanna atá sna Ballstáit éagsúla, is léir gur cosc ar rochtain den sórt sin é aon léiriú gur spéis leo rochtain a fháil ar an gclár agus gur dócha, dá bhrí sin, nach mbeidh rochtain ar fhaisnéis chomh tapa agus chomh héifeachtúil céanna.

106 Mar is léir ó aithris 25 de Threoir 2018/843, "An gá atá le faisnéis chruinn agus chothrom le dáta ar an úinéir tairbhiúil, is príomhthoisc é i rianú coirpeach a d'fhéadfadh a bheith ar shlí eile ábalta a gcéannacht a cheilt laistiar de struchtúr corparáideach".

177. Dá bhrí sin, chun an cuspóir sin a bhaint amach maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc tríd an leibhéal trédhearcachta a mhéadú maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, is cosúil go bhfuil fíor-riachtanas le deireadh a chur leis an gcoinníoll maidir le léiriú a dhéanamh ar an leas dlisteanach.

178. Baineann breithnithe comhchosúla, i mo thuairim, le gné eile den chóras rochtana poiblí arna bhunú le Treoir 2015/849, eadhon—mar a léirigh an chúirt a rinne an tarchur i gcomhthéacs na chéad fhomhíre de cheist 3(a) agus an dara fomhír de cheist 3(e) dá dtagraítear i gCás C-601/20—go bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla gan an duine is ábhar do na sonraí a bheith ar an eolas maidir le cé aige a raibh rochtain ar a shonraí pearsanta.

179. Go deimhin, mar a shonraigh an Coimisiún go cuí, dá dtabharfaí fógra don úinéir tairbhiúil, go háirithe dá mba fógra uathoibríoch í, maidir le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis, d'fhéadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith ann don rochtain ar an bhfaisnéis sin, rud a bhainfeadh an bonn den chuspóir maidir le cosc trí bhíthin leibhéal na trédhearcachta a mhéadú. Go deimhin, mar a tugadh faoi deara i rith na héisteachta, níl sé curtha as an áireamh, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh daoine a bhíonn ag lorg rochtana ar an bhfaisnéis chun iompar coiriúil a imscrúdú, amhail iriseoirí, mar shampla, a bheith nochta do bhearta díoltais a d'fhéadfadh a bheith ann. Thairis sin, dá gcuirfí fógra den sórt sin chuig an duine is ábhar do na sonraí, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i mbaol trí rabhadh a thabhairt don duine sin. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil gá leis an ngné seo den chóras rochtana poiblí freisin chun an cuspóir maidir le cosc, dá dtagraítear i míreanna 140 go 142 agus i mír 170 den Tuairim seo a bhaint amach.

180. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, faoi Airteagal 14(5)(c) RGCS, nach bhfuil feidhm ag na forálacha maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nach bhfuarthas na sonraí pearsanta ón duine is ábhar do na sonraí, go háirithe, "leagtar síos fáil nó nochtadh na sonraí go sainráite le dlí an Aontais [...] a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena bhforáiltear do bhearta iomchuí chun leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint". Tá feidhm ag an bhforáil sin go beacht i gcás ina ndéantar foráil i ndlí an Aontais maidir le córas rochtana poiblí ar chlár ina bhfuil sonraí pearsanta áirithe, ar choinníoll go gcomhlíonann an córas sin prionsabal na comhréireachta.[107]

181. Mar sin féin, tugaim do m'aire, mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 30(5a) de Threoir 2015/849, go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh an fhaisnéis a stóráiltear i gcláir na n-úinéirí tairbhiúla a chur ar fáil ar choinníoll clárú ar líne. Is léir ó aithris 36 de Threoir 2018/843 go bhféadfar foráil a dhéanamh don iontráil sin "chun aon duine a iarrann faisnéis ón gclár a shainaithint". Mar a phléifear tuilleadh i míreanna 204 go 208 thíos, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an gcéannacht sin a nochtadh *ex post* chun gur féidir leis an duine is ábhar do na sonraí, eadhon an t-úinéir tairbhiúil, tabhairt faoi aon mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann a d'eascródh as aon mhí-úsáid dá chuid sonraí.

[107] Freagraítear leis an tagairt don fhoráil sin, i mo thuairim, do na hargóintí a chuir Sovim chun cinn ina bharúlacha maidir le neamh-chomhoiriúnacht an chórais rochtana poiblí atá i gceist leis na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 14 RGCS, a eascraíonn as an dualgas trédhearcachta a eascraíonn as Airteagal 5(1) den Rialachán sin.

(iii) Córas na ndíolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849

182. Mar a thug mé do m'aire i mír 76 den Tuairim seo, ní féidir measúnú a dhéanamh ar chineál comhréireach na dteorainneacha ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt a eascraíonn as an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla dá bhforáiltear in Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, ach amháin trí chóras na ndíolúintí ar an rochtain sin arna bhunú le mír 9 den Airteagal sin a chur san áireamh. Ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur ceist maidir le bailíocht chóras sin na ndíolúintí i bhfianaise na gceart bunúsach sin sa dara ceist, faoi (b), dá dtagraítear i gCás C-601/20.

183. De réir Airteagal 30(9) "In imthosca eisceachtúla a bheidh le leagan síos sa dlí náisiúnta, más rud é go ndéanfadh an rochtain dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 5 an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe, nó más rud é gur mionaoiseach an t-úinéir tairbhiúil nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí de, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón rochtain sin ar an bhfaisnéis go léir nó cuid di maidir leis na húinéirí tairbhiúla ar bhonn cás ar chás" [aistriúchán neamhoifigiúil].

184. Is léir ó aithris 36 de Threoir 2018/843 go bhforáiltear do na díolúintí sin agus go bhfuil sé "mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú". [108]

185. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cosúil go dtugtar lánrogha do na Ballstáit le hAirteagal 30(9) trí úsáid na bhfocal "féadfaidh [siad] foráil a dhéanamh". Is cosúil go dtugann na téarmaí sin rogha shimplí do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla.

186. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, i gcomhréir le cásdlí socair, i gcás ina dtagann trasuí treorach ag na Ballstáit laistigh den staid dá dtagraítear in Airteagal 51 den Chairt, ina bhfuil dlí AE á chur chun feidhme ag na Ballstáit, nach mór leibhéal na cosanta do chearta bunúsacha dá bhforáiltear sa Chairt a bhaint amach nuair a dhéantar an trasuí sin, beag beann ar an lánrogha atá ag na Ballstáit agus an treoir sin á trasuí acu. [109]

187. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid ón méid sin gur faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú, nuair a bheidh treoir á trasuí acu agus, go háirithe, na heisceachtaí nó na teorainneacha dá dtagraítear inti, go bhfuil siad bunaithe ar léirmhíniú ar na cearta sin a fhágann gur féidir cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na cearta bunúsacha éagsúla a chosnaítear le dlíchóras an Aontais. [110]

[108] Féach fonóta 29 den Tuairim seo.

[109] Féach breithiúnais an 29 Iúil 2019, *Pelham agus páirtithe eile* (C-476/17, EU:C:2019:624, mír 79), an 29 Iúil 2019, *Spiegel Online* (C-516/17, EU:C:2019:625, mír 20) agus an 15 Aibreán 2021, *Federazione nazionale delle imprese elettrotecniche ed elettroniche (Anie) agus páirtithe eile* (C-798/18 agus C-799/18, EU:C:2021:280, mír 31).

[110] Féach, maidir leis na heisceachtaí agus na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus (3) de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10), breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Spiegel Online* (C-516/17, EU:C:2019:625, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

188. Dá bhrí sin, agus bearta á gcur chun feidhme acu chun treoir a thrasuí, is faoi údaráis agus cúirteanna na mBallstát atá sé ní hamháin a ndlí náisiúnta a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an treoir sin, ach a áirithiú freisin nach mbeidh siad ag brath ar léirmhíniú na treorach sin a bheadh ag teacht salach ar na cearta bunúsacha sin nó ar phrionsabail ghinearálta eile dhlí an Aontais, amhail prionsabal na comhréireachta. [111]

189. Tá feidhm níos mó fós ag prionsabail an chásdlí seo sa chás seo, i gcás ina ndéantar foráil maidir le díolúintí ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla. Go deimhin, cé go bhfuil an rochtain sin an-tábhachtach i gcomhthéacs sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus go bhfuil baint aici le prionsabal na trédhearcachta, ar prionsabal é, mar a thug mé do m'aire i míreanna 38 go 48 den Tuairim seo, atá sa dlí príomha, áfach, ní thagann sí faoi raon feidhme na gceart bunúsach.

190. Leanann sé ón méid sin roimhe seo, i gcás amhail na cásanna atá ann sa Tuairim seo, nuair a bheidh an córas rochtana poiblí ar fhaisnéis atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla dá bhforáiltear i dTreoir 2015/849 á chur chun feidhme, nach bhféadfaidh na Ballstáit staonadh ó chosaint chearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla dá bhforáiltear sa Chairt a áirithiú.

191. Agus Treoir 2015/849 á trasuí agus á cur chun feidhme, beag beann ar an lánrogha a thugtar dóibh leis an Treoir sin, ceanglófar ar na Ballstáit amach anseo a áirithiú go gcosnófar na cearta bunúsacha sin ar aon chur isteach díréireach ar na cearta sin. Mar sin níl an chosaint sin teoranta do bhaol díréireach sna seacht gcineál baoil a shonraítear go sainráite in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 amháin, ach cumhdaítear *cearta bunúsacha uile* na n-úinéirí tairbhiúla léi. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gCairt, ní mór a mheas, ní hamháin go bhfuil na Ballstáit in ann díolúintí a dheonú, ach *nach mór* dóibh díolúintí a dheonú lena dteorannaítear rochtain phoiblí ar fhaisnéis a bhaineann le húinéir tairbhiúil, i gcás ina gcuirtear isteach go díréireach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil.

192. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna léamh i bhfianaise na Cairte, agus go háirithe Airteagal 51(1) di, a léirmhíniú ar chaoi a fhágann go bhfuil na Ballstáit ní hamháin in ann foráil a dhéanamh do dhíolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla, ach go bhfuil sé de cheangal orthu foráil a dhéanamh dóibh agus iad a dheonú más rud é go ndéanfadh an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil, in imthosca eisceachtúla, a nochtadh do bhaol díréireach go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha, mar a fhoráiltear sa Chairt.

193. Arna léirmhíniú ar an mbealach sin, níl aon ghné ann, i mo thuairim, a dhéanfadh difear do bhailíocht na forála d'Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849.

(iv) Ráthaíochtaí leordhóthanacha a bheith ann i gcoinne bhaol na mí-úsáide

194. Ar deireadh, tá roinnt ceisteanna ann maidir le ráthaíochtaí leordhóthanacha a bheith ann sa reachtaíocht atá i gceist a bhaineann le cur isteach, lena bhféadfar na daoine is ábhar do na sonraí a chosaint, eadhon úinéirí tairbhiúla i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu. Eascraíonn na

[111] Féach breithiúnais an 29 Iúil 2019, *Spiegel Online* (C-516/17, EU:C:2019:625, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 27 Márta 2014, *UPC Telekabel Wien* (C-314/12, EU:C:2014:192, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

ceanglais sin, atá riachtanach lena áirithiú go gcomhlíontar prionsabal na comhréireachta, ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 155 den Tuairim seo agus ó fhorálacha éagsúla RGCS dá dtagraíonn an chúirt sa tríú ceist i gCás C-601/20.

– *Prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra*

195. Ar an gcéad dul síos, tagann an cheist, arna léiriú ag an gcúirt a rinne an tarchur i gcomhthéacs cheist 3(b), chun cinn ar chomhlíonadh phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, dá bhforáiltear go sainráite in Airteagal 5(1)(b) RGCS. [112]

196. Tagann an cheist chun cinn mar sin an bhfuil sé ag luí le ceanglas na comhréireachta, i bhfianaise na forála sin, go mbeadh rochtain ag an bpobal i gcoitinne ar shonraí maidir le húinéirí tairbhiúla gan rialaitheoir na sonraí sin, eadhon an t-údarás nó an comhlacht atá freagrach as an gclár a choimeád, a áirithiú go n-úsáidfear na sonraí sin chun na gcríoch dár bailíodh iad amháin, eadhon, go bunúsach, an comhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. [113]

197. Maidir leis sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú gur léir ón gcásdlí nach mór d'aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, ar thaobh amháin, na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5 RGCS a chomhlíonadh agus, ar an taobh eile, ceann de na prionsabail a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála atá liostaithe in Airteagal 6 den Rialachán sin a chomhlíonadh. [114]. Mar a luadh cheana i mír 119 den Tuairim seo, tugann an dá fhoráil seo léiriú nithiúil ar na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) den Chairt.

198. I gcás ina bhfuil daoine éagsúla páirteach i bpróiseáil sonraí áirithe, déanann an Chúirt, ina cásdlí, scrúdú ar na hoibríochtaí sonracha a bhaineann le próiseáil na sonraí sin chun an rialaitheoir nó na rialaitheoirí ábhartha a shainaithint. [115] Sna cásanna sin, chinn an Chúirt nach gá go dtagródh an coincheap "rialaitheoir" d'aon chomhlacht amháin agus go bhféadfadh roinnt gníomhaithe a bheith i gceist, a bhfuil gach ceann acu faoi réir na bhforálacha cosanta sonraí is infheidhme ansin. [116]

199. Sa chás seo, tá cur ar fáil na sonraí lena mbaineann don phobal i gcoitinne ag bainisteoir an chláir agus rochtain an phobail i gcoitinne ar na sonraí sin mar a bheadh dhá thaobh den bhonn chéanna. Go deimhin, de bhun na hoibleagáide a leagtar síos in Airteagal 30(5)(c) de Threoir 2015/849, trí fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a nochtadh, tabharfaidh bainisteoir an chláir rochtain iomlán don phobal i gcoitinne ar an bhfaisnéis sin. Mar is léir ó na breithnithe a leagtar amach i mír 142 agus i míreanna 171 go 177 den Tuairim seo, mheas reachtóir an Aontais gur ghá an rochtain shaor sin a sholáthar chun rannchuidiú le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc tríd an leibhéal trédhearcachta a mhéadú maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile.

112 Ardaítear freisin an cheist chéanna, maidir le hAirteagal 25(2) RGCS, i gcomhthéacs an tríú fleasc de cheist 3(e).

113 I gceist 3(b) i gCás C-601/20, léiríonn an chúirt a rinne an tarchur freisin nach é an pobal i gcoitinne an comhlacht atá freagrach as an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a fhorfheidhmiú. Ar an bpointe sin, tagraím do mo bhreithnithe i mír 169 den Tuairim seo.

114 Féach, go háirithe, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 41).

115 Maidir leis sin, féach pointe 44 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690), a thagraíonn do bhreithiúnas an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, go sonrach míreanna 72 go 74).

116 Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690, mír 44), a thagraíonn do bhreithiúnas an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, go sonrach míreanna 72 go 74). Maidir leis sin, féach freisin breithiúnas an 10 Iúil 2018, *Jehovan todistajat* (C-25/17, EU:C:2018:551, mír 65).

200. Mar sin féin, mar a thugtar faoi deara i mír 89 den Tuairim seo, is dócha go meastar an duine den phobal i gcoitinne a bheith ina rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 4(2) RGCS *a luaithe* a fhaigheann sé rochtain ar na sonraí atá sa chlár chomh maith le haon phróiseáil ina dhiaidh sin. [117]

201. Dá bhrí sin, de bhun an cheanglais dá dtagraítear i mír 197 den Tuairim seo, agus aon oibríocht próiseála sonraí á déanamh amach anseo, beidh ar an duine den phobal i gcoitinne a áirithiú go gcomhlíonfar na prionsabail maidir le cáilíocht sonraí a leagtar amach in Airteagal 5 RGCS agus go ndéanfadh sé a oibríocht nó a oibríochtaí próiseála a bhunú ar cheann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) RGCS. [118]

202. Sa chomhthéacs sin, ar thaobh amháin, maidir leis na himthosca a shonraigh an chúirt a rinne an tarchur faoi nach bhfuil an comhlacht atá freagrach as an gclár a choimeád in ann a áirithiú go n-úsáidtear na sonraí sin chun na gcríoch ar bailíodh iad amháin, is léir ó chásdlí na Cúirte nach féidir a mheas go bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach, i gcomhthéacs an tslabhra próiseála nach gcinneann sé na críocha ná na modhanna a ghabhann leis, freagrach as *oibríochtaí roimhe sin nó ina dhiaidh sin*. [119]

203. Ar an dara dul síos, is léir ón gceanglas dá dtagraítear i mír 197 den Tuairim seo nach mbeidh aon úsáid bhreise a bhainfidh duine den phobal i gcoitinne as na sonraí dleathach mura gcomhlíonfadh sé Airteagal 6 de RGCS. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir beart atá ceaptha chun é a stopadh, lena n-áirítear iarrataí ar dhíliostú i gcoinne rialaitheoir an innill cuardaigh faoi Airteagal 17(1)(d) RGCS.

204. Maidir leis sin, tugaim do m'aire arís gur léir ó aithris 38 de Threoir 2018/843, chun drochúsáid na faisnéise sna cláir a chosc agus chun cóimheá a bhaint amach do chearta na n-úinéirí tairbhiúla, d'fhéadfadh sé go measfadh na Ballstáit é a bheith iomchuí a mbreithniú a dhéanamh i dtaobh na faisnéise faoin duine iarrthach mar aon leis an mbunús dlí dá iarraidh a chur ar fáil don úinéir tairbhiúil.

205. Le féidearthacht den sórt sin, glactar leis, áfach, go bhfuil an comhlacht nó an t-údarás atá freagrach as clár na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád, amhail LBR sa chás seo, ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar na sonraí atá ann, agus glactar leis dá dheasca sin go bhfuil ceanglas cláraithe ann, go háirithe ar líne, d'fhonn rochtain a fháil ar na sonraí sin, agus meastar nach féidir clárú den sórt sin a dhéanamh ach amháin le hAirteagal 30(5a) de Threoir 2015/849.

206. Cé gur thug mé do m'aire i míreanna 99 agus 104 den Tuairim seo nach bhfuil cuma ar an scéal, sa chás seo, go bhfuil na sonraí atá i gceist thar a bheith íogair agus go bhféadfar a mheas gur éifeachtaí measartha iad na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar na daoine a ndéanann an cur isteach i gceist difear dóibh, ní féidir, mar sin féin, an baol go bhféadfaí úsáid neamhdhleathach nó mí-úsáid a bhaint as na sonraí sin a chur as an áireamh.

[117] Féach, chuige sin agus *mutatis mutandis*, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[118] Féach, chuige sin agus *mutatis mutandis*, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[119] Féach breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, go sonrach míreanna 72 go 74). Féach, freisin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCás *SS (Sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cánach)* (C-175/20, EU:C:2021:690, mír 44).

207. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha ag na daoine is ábhar do na sonraí, eadhon na húinéirí tairbhiúla, chun iad a chosaint go héifeachtach i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu, ní mór, i mo thuairim, na comhlachtaí nó na húdaráis atá freagrach as cláir na n-úinéirí tairbhiúla sna Ballstáit a bheith ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine den phobal i gcoitinne a bhfuil rochtain acu ar na cláir sin agus go mbeadh siad in ann, nuair is gá ar mhaithe le comhlíonadh na gceart bunúsach a ráthú, go háirithe na cearta sin a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, faisnéis a bhaineann leis na daoine sin a chur ar fáil don úinéir tairbhiúil.

208. Dá bhrí sin, i mo thuairim, ar mhaithe le léirmhíniú ar Threoir 2015/849 a bheadh i gcomhréir leis na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, is gá go measfar, leis an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 30(5a) de Threoir 2015/849 maidir le cur ar fáil na faisnéise a stóráiltear i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla a chur faoi choinníoll clárú ar líne, gur oibleagáid é sin, atá ar na Ballstáit, chun a áirithiú go mbeidh na comhlachtaí nó na húdaráis atá freagrach as cláir na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a fhaigheann rochtain ar an gclár.[120]

– *Sláine agus rúndacht na sonraí*

209. Ar an dara dul síos, tagann an cheist a léirigh an chúirt a rinne an tarchur chun cinn i gcomhthéacs cheist 3(d) i gCás C-601/20, maidir le comhlíonadh phrionsabal sláine agus rúndacht na sonraí, rud dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)(b) RGCS.

210. Mar sin, tagann an cheist maidir le comhoiriúnacht cheanglas na comhréireachta le rochtain neamhshrianta agus neamhchoinníollach, gan aon ghealltanas rúndachta maidir le sonraí pearsanta na n-úinéirí tairbhiúla atá ar fáil sa chlár arna chruthú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2015/849, i bhfianaise na gceanglas a eascraíonn as an bhforáil sin de RGCS, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar slándáil iomchuí sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, agus sláine agus rúndacht na sonraí sin á n-áirithiú dá bharr.

211. Cumhdaítear le prionsabal na sláine agus na rúndachta prionsabal "slándáil sonraí", mar a thugtar air, lena gceanglaítear, go háirithe, go ndéanfar bearta teicniúla nó eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun éifeachtaí díobhálacha ar an duine is ábhar do na sonraí a chosc. Tá baint ag an bprionsabal sin le hAirteagail 24 agus 32 RGCS agus comhlánaítear é leo siúd, Airteagail ina bhfuil forálacha a bhaineann le freagracht an rialaitheora agus slándáil na próiseála, faoi seach.

212. Maidir le sláine sonraí, go sonrach, tugaim do m'aire gur léir ó aithris 38 de Threoir 2018/843, "níor cheart ach sonraí pearsanta atá cothrom le dáta agus a fhreagraíonn do na húinéirí tairbhiúla iarbhír a chur ar fáil". Dá bhrí sin, níl ach faisnéis cheart, mar a chuir an t-eintiteas corparáideach nó eintitis dhlíthiúla eile lena mbaineann sa chlár, á scaipeadh agus inrochtana. I gcomhréir leis an méid atá luaite i mír 202 den Tuairim seo, i gcás amhail an cás seo, ní féidir an bainisteoir a mheas mar dhuine atá freagrach as aon athruithe nó ionramháil a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhthéacs tuilleadh próiseála.

120 Leis an bhfreagra sin, ní gá, i mo thuairim, an chéad fhleasc de cheist 3(e) i gCás C-601/20, a fhreagairt.

213. Mar sin féin, is faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go gcuirfidh an comhlacht nó an t-údarás atá freagrach as clár na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád bearta teicniúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha i bhfeidhm chun aon phróiseáil neamhúdaraithe de na sonraí atá sa chlár a chosc. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a dheimhniú, *in concreto*, más amhlaidh an cás sa chás seo. [121]

(v) Cothromaíocht idir cuspóir an leasa ghinearálta agus na cearta bunúsacha lena mbaineann

214. Cuirtear san áireamh leis na gnéithe ar fad a ndéantar anailís orthu sa Tuairim seo gur cheart, i mo thuairim, an chothromaíocht a bhaint amach idir cuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú leis an gcóras rochtana poiblí ar chlár na n-úinéirí tairbhiúla arna bhunú le Treoir 2015/849 agus na cearta bunúsacha lena mbaineann, eadhon na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt.

215. Ar an gcéad dul síos, tugtar faoi deara i míreanna 110 go 118 den Tuairim seo nach bhforáiltear le dlí do na teoireannacha ar fheidhmiú na gceart a eascraíonn as an gcóras sin i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt ach amháin i bhfianaise an liosta sonraí atá sa dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849. Dá bhrí sin, bainfidh an t-ualú sin leis na sonraí sin amháin agus ní leis an "faisnéis bhreise" dá dtagraítear i míreanna 105 go 107, 114 go 116, 159 agus 165 den Tuairim seo.

216. Ina dhiaidh sin, mar a thugtar faoi deara i gcomhthéacs na hanailíse ar an gcur isteach, go sonrach i míreanna 91 go 94 den Tuairim seo, ráthaítear leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla rochtain an-leathan ar an bhfaisnéis sin agus gan aon ghá le haon leas a chruthú chun rochtain a fháil. Mar aon le socruithe rochtana uathoibrithe, amhail rochtain shaor ar an idirlíon mar atá ann i Lucsamburg, d'fhéadfadh scaipeadh forleathan na sonraí lena mbaineann maidir le húinéirí tairbhiúla eascairt as an gcóras seo.

217. Mar sin féin, ní chuireann an córas sin isteach go díréireach, i mo thuairim, ar chearta bunúsacha na ndaoine is ábhar do na sonraí, go háirithe a gceart maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.

218. Go deimhin, ar an gcéad dul síos, mar a thugtar faoi deara i míreanna 95 go 102 den Tuairim seo—faoi réir na "faisnéis bhreise" sin—fágann an córas seo nach féidir rochtain phoiblí a fháil ach ar mhéid teoranta sonraí pearsanta. [122] Mar sin, cé go bhféadfaí, mar thoradh ar an gcóras sin, na sonraí sin a scaipeadh go forleathan, mar gheall ar raon feidhme teoranta na sonraí pearsanta is ábhar don chur isteach, agus mar gheall ar a gcineáil neamh-íogair go háirithe, is éifeachtaí measartha iad na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine a ndéanann an cur isteach lena mbaineann difear dóibh.

[121] Maidir leis sin, tugaim do m'aire gur mhaígh Sovim ina bharúlacha gur léiríodh samplaí le déanaí in ailt arna bhfoilsiú sa phreas go bhfuil lochtanna slándála ann a bhaineann le heaspa bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chuir LBR i bhfeidhm. De bharr na lochtanna sin, d'fhéadfaí na sonraí atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla i Lucsamburg a phróiseáil go neamhúdaraithe. Bhainfí amach an bunachar sonraí sa chlár go háirithe, rud a d'fhágfadh go bhféadadh an bunachar sonraí sin a chuardach, ní hamháin ar bhonn ainm an eintitis chorparáidigh, ach ar bhonn ainmneacha na n-úinéirí tairbhiúla.

[122] Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 58).

219. Ar an dara dul síos, mar a thugtar faoi deara i mír 91 den Tuairim seo, ní bhaineann an córas rochtana poiblí arna bhunú le Treoir 2015/849 le líon éiginnte agus neamhdhifreálaithe daoine, ach ceanglaítear caidreamh idir na daoine sin leis, eadhon na húinéirí tairbhiúla, agus cuspóir na próiseála, eadhon sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

220. Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil bonn cirt le daoine nádúrtha a roghnaíonn páirt a ghlacadh i malartuithe eacnamaíocha trí eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlíthiúla eile a bheith faoi cheangal sonraí áirithe a bhaineann lena gcéannacht agus lena róil nó a leasanna laistigh díobh a chur ar fáil go poiblí mar gheall ar shaothrú na gcuspóirí leasa ghinearálta a bhaineann, ar roinnt bealaí, leis an rogha sin. [123]

221. Meabhraíodh i mír 79 den Tuairim seo, nach cearta iomlána iad na cearta a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ach nach mór iad a chur san áireamh i ndáil lena bhfeidhm sa tsochaí. Sa chomhthéacs sin, is cosúil, i mo thuairim, go bhfuil bonn cirt le teoireannacha neamh-thromchúiseacha a fhorchur ar na cearta sin ar dhaoine a roghnaigh páirt a ghlacadh i malartuithe eacnamaíocha trí eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlíthiúla eile, chun cosc a chur ar ghníomhaíochtaí tromchúiseacha coiriúla amhail sciúradh airgid nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil agus leis an ord poiblí amhail maoiniú sceimhlitheoireachta.

222. Maidir leis sin, ba mhaith liom a rá go bhfuil sé fíor go mbaineann an córas rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, ar bhealach cuimsitheach, leis na húinéirí tairbhiúla sin ar fad, gan aon ghá go mbeadh na daoine a nochtar a gcuid sonraí i gcás, fiú go hindíreach, ina bhféadfadh drochamhras a bheith ann orthu maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, tá feidhm aige fiú maidir le daoine nach bhfuil aon fhianaise ann ina leith go bhféadfadh baint a bheith ag a n-iompar, fiú go hindíreach nó ó chian, le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. [124]

223. Ar an tríú dul síos, áfach, maidir leis an gcóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, i dteannta an fhíorais nach ndéantar cur isteach tromchúiseach leis ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, foráiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, do chóras na ndíolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar an bhfaisnéis sin, dá dtagraítear i mír 182 agus a leanas den Tuairim seo. Tugadh isteach córas na ndíolúintí seo go sainráite agus é mar aidhm aige cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus a ráthú go n-urramófar na cearta bunúsacha. [125] Is cuid riachtanach den chothromaíocht é atá bainte amach ag reachtóir an Aontais idir na leasanna lena mbaineann agus is gné riachtanach den chóras rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla é a chuireann teorainn le haon dochar tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ann agus a chosnaíonn iad i gcoinne mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a gcearta bunúsacha. [126]

224. Thairis sin, tá an cur chuige a glacadh le Treoir 2015/849 agus arna chur i bhfocail le hAirteagal 30(5) agus (9), a ghabhann, ar thaobh amháin, le rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla agus, ar an taobh eile, le córas na ndíolúintí, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte. Go deimhin, leanann sé ón bpointe sin, cé gur gá, i bprionsabal, sa chothromaíocht atá le cur i bhfeidhm idir chuspóir leas an phobail atá á shaothrú agus na cearta bunúsacha a chumhdaítear in

123 Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 59).

124 Ina bharúlacha, leag Sovim béim ar an imthoisc trí thagairt a dhéanamh, *mutatis mutandis*, do bhreithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2014:238, féach, go sonrach, mír 58).

125 Féach aithris 36 de Threoir 2018/843, a leagtar amach i bhfonóta 29 den Tuairim seo.

126 Tá difríocht mhór idir an gné sin sa chás reatha agus an cás a ndearna an Chúirt Bhreithiúnais anailís air ina breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2014:238).

Airteagail 7 agus 8 den Chairt, i bhfianaise thábhacht an chuspóra leasa phoiblí atá á shaothrú leis na teorainneacha ar na cearta sin, i ndáil le tromchúis mheasartha an chuir isteach, go mbeadh tosaíocht ag an ngá cosc a chur ar choireacht thromchúiseach agus sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar shlándáil phoiblí, ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfadh cásanna sonracha a bheith ann ina mbeadh forais dhlisteanacha an-láidir a bhaineann le cás sonrach an duine is ábhar do na sonraí lena dtugtar bonn cirt eisceachtúil le teorannú na rochtana ar a shonraí pearsanta atá taifeadta sa chlár. [127]

225. Thairis sin, agus ar an gceathrú dul síos, foráiltear le Treoir 2015/849, do chur i bhfeidhm RGCS maidir le próiseáil sonraí pearsanta a tharlaíonn faoin gcóras sin. Dá bhrí sin, tá an phróiseáil sin faoi réir rialacha chun slándáil agus cosaint na sonraí lena mbaineann a áirithiú. [128]

226. Sa chomhthéacs sin, d'fhonn teorainn a chur le raon feidhme an chuir isteach agus go sonrach leis an mbaol, cé go bhfuil sé teoranta, a bhaineann le próifíliú eacnamaíoch an duine is ábhar do na sonraí, a pléadh i mír 102 den Tuairim seo, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcomhthéacs a solúbthachta arna deonú le Treoir 2015/849, socruithe a chur chun feidhme maidir le rochtain ar na sonraí lena mbaineann, agus go háirithe socruithe chun bunachar sonraí a chuardach ina bhfuil an clár, atá ceaptha le cur isteach ar chearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla a íoslaghdú.

227. Ar deireadh, mar is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 207 agus 208 den Tuairim seo, d'fhonn a áirithiú go bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha ag na daoine is ábhar do na sonraí, eadhon na húinéirí tairbhiúla, chun iad a chosaint go héifeachtach i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu, ní mór an fhaisnéis a stóráiltear i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla a chur ar fáil ar choinníoll clárú, go háirithe ar líne, ionas gur féidir leis na comhlachtaí nó na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cláir na n-úinéirí tairbhiúla a choinneáil a bheith ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar an gclár agus gur féidir leo, nuair is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na cearta bunúsacha sin, go háirithe na cearta a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, faisnéis a bhaineann leis na daoine sin a chur ar fáil don úinéir tairbhiúil.

228. Agus iad á léirmhíniú mar sin, níor cheart a mheas go bhfuil forálacha na chéad fhomhíre d'Airteagal 30(5), (5a) agus (9) de Threoir 2015/849, lena mbunaítear an córas rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, neamhbhailí i bhfianaise an chirt maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus an chirt go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint a ráthaítear, faoi seach, le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.

229. Ar an taobh eile, is léir ó na breithnithe a rinne mé i míreanna 105 go 107, 114 go 116, 159 agus 165 den Tuairim seo, nach mór a dhearbhú, i mo thuairim, go bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, neamhbhailí go páirteach agus nach mór a dhearbhú go bhfuil an tríú fomhír den fhoráil sin neamhbhailí.

127 Féach, chuige sin agus *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 59).

128 Tá an gné sin an-difriúil freisin sa chás reatha agus an cás a ndearna an Chúirt Bhreithiúnais anailís air ina breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, EU:C:2014:238).

4. Conclúid maidir le bailíocht an chórais rochtana poiblí arna bhunú le Treoir 2015/849

230. Leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo, i mo thuairim, nach mór an chéad cheist agus an dara ceist, faoi (b), i gCás C-601/20 a fhreagairt mar seo a leanas:

– tá an dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, neamhbhailí a mhéid a fhoráiltear léi go bhfuil aon duine den phobal i gcoitinne i dteideal rochtain a bheith aige "ar a laghad" ar na sonraí a shonraítear ann, agus ar an gcaoi sin foráiltear go mbeidh aon duine den phobal i gcoitinne in ann rochtain a bheith aige ar shonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla seachas na sonraí sin a luaitear san fhomhír chéanna;

– tá an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 neamhbhailí;

– ní mór Airteagal 30(5a) de Threoir 2015/849, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 52(1) den Chairt, a léirmhíniú amhail gur faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go bhfuil na comhlachtaí nó na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cláir na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar an gclár sin;

– tá Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna léamh i bhfianaise na Cairte, agus go háirithe Airteagal 51(1) di, le léirmhíniú ar chaoi a fhágann go bhfuil na Ballstáit ní hamháin in ann foráil a dhéanamh do dhíolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla, ach go bhfuil sé de cheangal orthu foráil a dhéanamh dóibh agus iad a dheonú más rud é go ndéanfadh an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil, in imthosca eisceachtúla, a nochtadh do bhaol díréireach go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha, mar a fhoráiltear sa Chairt, bailí;

– sa scrúdú ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist, faoi (b), i gCás C-601/20, níor nochtadh aon ghné eile lena bhféadfaí difear a dhéanamh do bhailíocht Airteagal 30(5) agus (9) de Threoir 2015/849.

C. An tríú ceist i gCás C-601/20 maidir le léirmhíniú ar RGCS

231. I gcomhthéacs an tríú ceist i gCás C-601/20, cuireann an chúirt a rinne an tarchur sé fhocheist lena n-iarrtar, go bunúsach, an bhfuil an córas rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla arna bhunú le Treoir 2015/849, ag luí le roinnt forálacha RGCS.

232. Maidir leis sin, ar an gcéad dul síos, leag mé amach i míreanna 63 go 72 den Tuairim seo na cúiseanna nach féidir, dar liomsa, le RGCS ann féin a bheith ina pharaiméadar dlí chun measúnú a dhéanamh ar bhailíocht fhorálacha Threoir 2015/843 agus Threoir 2018/849. Luaigh mé freisin, áfach, nach mór na Treoracha sin a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha RGCS, i gcomhréir freisin leis an méid dá bhforáiltear go sainráite in Airteagal 41(1) de Threoir 2015/843, arna leasú le Treoir 2019/2177.

233. Ina dhiaidh sin, measaim, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach san anailís ar bhailíocht an chórais rochtana poiblí sin ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla i míreanna 74 go 229 den Tuairim seo, nár cheart ceist 3(a) go (e) i gCás C-601/20 a fhreagairt. Go deimhin, tugadh freagra ar na cúiseanna amhrais uile a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur sna focheisteanna sin maidir le forálacha éagsúla RGCS.

234. Dá bhrí sin, níl ach ceist 3(f) le scrúdú. Leis an bhfocheist sin, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras, go bunúsach, faoin ngaol idir an córas rochtana poiblí sin ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla agus Airteagail 44 go 50 RGCS, lena soláthraítear coinníollacha dochta maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír, go háirithe maidir le rochtain i ngach cás ag aon duine den phobal i gcoitinne ar shonraí úinéara thairbhiúil a taifeadadh i gclár na n-úinéirí tairbhiúla, gan bonn cirt de bharr leas dlisteanach a bheith leis agus gan teorainn maidir le suíomh an phobail sin.

235. Maidir leis sin, ba cheart a mheabhrú go rialaítear le Caibidil V RGCS, lena gcuimsítear Airteagail 44 go 55, aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.

236. Sa chomhthéacs sin, mar a thug an Coimisiún agus Rialtas na Fionlainne dá n-aire, foráiltear le hAirteagal 49 RGCS—in éagmais cinneadh leordhóthanachta de bhua Airteagal 45(3) RGCS nó coimircí iomchuí de bhua Airteagal 46 RGCS—do roinnt maoluithe maidir le cásanna sonracha ina bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú nó sraith d'aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír a dhéanamh.

237. Go háirithe, rialaítear go sonrach le hAirteagal 49(1)(g) RGCS aistrithe ó chláir atá beartaithe, de bhua dhlí an Aontais nó dhlí na mBallstáit, chun faisnéis a chur ar fáil don phobal.

238. Is léir ón bhforáil sin agus ó mhír 2 den Airteagal sin, arna léamh i bhfianaise aithris 111 RGCS, go bhfuil feidhm ag an díolúine sin, ar an gcéad dul síos, i gcás ina ndéantar an t-aistriú ó chlár a bhfuil sé i gceist leis, i gcomhréir le dlí Bhallstát an Aontais, an pobal a chur ar an eolas (ar clár é ar féidir leis an bpobal i gcoitinne nó aon duine a léiríonn leas dlisteanach dul ina chomhairle), ar an dara dul síos, i gcás nach féidir an t-aistriú a dhéanamh ach ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha maidir le comhairliúchán i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit comhlíonta, agus ar an tríú dul síos, i gcás nach féidir baint a bheith ag an aistriú leis na sonraí pearsanta nó na catagóirí sonraí pearsanta go léir atá sa chlár.

239. Maidir leis sin, tugaim do m'aire, mar a deir an Coimisiún, mar is ceart, go bhfuil feidhm shonrach ag Airteagal 49(1)(g) agus (2) maidir le haon aistriú "ó" chlár poiblí. Mar sin féin, ní hionann an clár a bheith poiblí ann féin agus aistriú.

240. Is léir ó na breithnithe roimhe seo gur cheart aghaidh a thabhairt ar cheist 3(f) i gCás C-601/20, nach mór forálacha Chaibidil V RGCS a léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leo ar chlár atá ar fáil don phobal go pointe áirithe, gan gá leas dlisteanach ná teorainn ar bith ar shuíomh an phobail a léiriú. Ní fhéadfar an t-aistriú ón gclár sin a dhéanamh, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 49(1)(g) RGCS, ach amháin ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha maidir le comhairliúchán leis an gclár atá leagtha síos sa dlí comhlíonta agus ar choinníoll nach mbaineann an comhairliúchán sin leis an gclár iomlán.

D. Léirmhíniú ar Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 (an chéad cheist, an dara ceist agus an tríú ceist i gCás C-37/20 agus ceist 2(a) i gCás C-601/20)

241. I gcomhthéacs na gceisteanna i gCás C-37/20 agus i gceist 2(a) i gCás C-601/20, cuireann an chúirt a rinne an tarchur ceist ar an gCúirt maidir le léirmhíniú ar Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, lena bhforáiltear do chóras na ndíolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis atá i gclár na n-úinéirí tairbhiúla.

242. Tá scrúdú déanta agam cheana féin ar an gcóras sin agus ar an bhforáil sin i míreanna 182 go 193 den Tuairim seo. Ba cheart, áfach, ar bhonn na mbreithnithe a leagtar amach sna míreanna sin, anailís a dhéanamh ar na ceisteanna sonracha a chuir an chúirt a rinne an tarchur.

1. An coincheap "imthosca eisceachtúla" (an chéad cheist i gCás C-37/20)

243. Tá baint ag an gcéad cheist i gCás C-37/20 leis an gcoincheap "imthosca eisceachtúla", dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849. Tá an cheist seo roinnte ina dhá cuid.

244. Sa chéad chuid, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn go bhféadfadh Ballstát sainmhíniú teoranta a thabhairt ina dhlí náisiúnta ar an gcoincheap "imthosca eisceachtúla" dá bhforáiltear san fhoráil ar chaoi gurb ionann an coincheap sin agus "[baol] díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe" amháin, coincheapa atá, de réir na forála sin, ina gcoinníollacha cheana féin pé scéal é maidir le cur i bhfeidhm na ndíolúintí lena gcuirtear teorainn ar rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla. Sa dara cuid, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, maidir leis na cumhachtaí atá aici agus maidir leis na critéir nach mór di a úsáid chun inneachar an choincheapa "imthosca eisceachtúla" a chinneadh, sa chás nach bhfuil léirmhíniú sa dlí náisiúnta trasuite ar an gcoincheap sin seachas trí thagairt do na himthosca atá luaite cheana féin in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849.

245. Maidir leis sin, tugaim do m'aire, ar an gcéad dul síos, go nochtar leis an tagairt shainráite don dlí náisiúnta, atá in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, maidir leis an sainmhíniú ar imthosca eisceachtúla lena dtugtar bonn cirt do dhíolúintí a sholáthar lena dteorannaítear rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, an méid a bhí ar intinn ag reachtas an Aontais lánrogha a fhágáil do na Ballstáit maidir leis na himthosca eisceachtúla sin a shainaithint.

246. Mar a leagadh amach i mír 186 agus a leanas den Tuairim seo, áfach, is léir ó chásdlí socair go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit, beag beann ar an lánrogha atá acu agus treoir á trasuí acu, a áirithiú go gcosnófar cearta bunúsacha ar gach cur isteach díréireach.

247. Leanann sé ó na míreanna sin freisin nach mór Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna léamh i bhfianaise Airteagal 51(1) den Chairt, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit díolúintí a dheonú ar rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla más rud é go ndéanfadh, in imthosca eisceachtúla, an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha, mar a fhoráiltear sa Chairt.

248. Dá bhrí sin, níl dualgas cosanta na mBallstát teoranta do bhaol díréireach sna seacht gcineál baoil a shonraítear go sainráite in Airteagal 30(9) amháin, ach cumhdaítear leis an baol díréireach go sárófar cearta bunúsacha uile na n-úinéirí tairbhiúla.

249. Sna himthosca sin, measaim nach mór Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn gur faoi na Ballstáit atá sé na cásanna arb ionann iad agus "imthosca eisceachtúla" de réir bhrí na forála sin a shainiú ina ndlí náisiúnta. Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas breise sa Treoir sin a léiríonn an fhoirm faoina gcaithfidh na Ballstáit an coincheap sin a chinneadh, níl aon ní ann chun cosc a chur ar Bhallstát, mar atá déanta ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, "imthosca eisceachtúla" a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh do na cásanna dá

dtagraítear cheana san fhoráil sin agus do na cásanna sin amháin, ar choinníoll, áfach, go bhféadfar úinéirí tairbhiúla a chosaint ar chur isteach díréireach ar a gcearta bunúsacha de bharr thrasuí na Treorach sin sa dlí náisiúnta.

250. Mar a thugtar faoi deara i mír 188 den Tuairim seo, ní mór don chúirt náisiúnta an dlí náisiúnta a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach le Treoir 2015/849, ach ní mór a áirithiú freisin nach mbeidh sí ag brath ar léirmhíniú na Treorach sin, a bheadh ag teacht salach ar na cearta bunúsacha. Dá bhrí sin, ní mór don chúirt seo seasamh ar léirmhíniú ar fhorálacha na Treorach sin lena n-údaraítear díolúintí atá, agus na díolúintí sin á n-urramú agus a n-éifeachtacht á caomhnú, go hiomlán comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt. [129]

251. Mar a mhaígh an Coimisiún, mar is ceart, chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúirt náisiúnta cineál agus raon feidhme na n-imthosca eisceachtúla lena n-údaraítear díolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a chinneadh go sonrach, sa mhéid a bhfuil gá leis chun cearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla a chosaint go hiomlán agus sa mhéid sin amháin.

252. I bhfianaise an chinnidh sin a d'fhéadfadh a bheith ar an gcúirt náisiúnta a dhéanamh chun Treoir 2015/849 a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt, tugaim do m'aire, ar an gcéad dul síos, nach mór a chur san áireamh sa chinneadh sin nach mór measúnú mionsonraithe ar chineál "eisceachtúil" na n-imthosca a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 30(9) den Treoir sin.

253. Ar an dara dul síos, sa chinneadh sin, ní mór don chúirt a chur san áireamh, ós rud é go ndéantar foráil le hAirteagal 30(9) de Threoir 2015/849 do dhíolúintí ón riail ghinearálta, eadhon rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, de réir chásdlí socair na Cúirte, gur gá, i bprionsabal, an fhoráil sin a léirmhíniú go docht. [130]

254. Ar an tríú dul síos, agus an cinneadh seo á dhéanamh, ní mór don chúirt náisiúnta a chur san áireamh go léirítear le húsáid an téarma "eisceachtúil" nach mór na himthosca lena bhféadfaí bonn cirt a thabhairt don díolúine a bheith neamhghnách agus a bheith ina gcúis le baol díréireach go gcuirfí isteach ar na cearta bunúsacha. [131] Sa chomhthéacs sin, leis an tagairt shainráite san fhoráil atá i gceist do bhaol maidir le cearta an duine chun beatha, chun iomláine agus chun slándála, arna gcosaint faoi Airteagail 2, 3 agus 6 den Chairt, tugtar pointe tagartha chun leibhéal ard tromchúise an chuir isteach ar chearta bunúsacha lena bhféadfaí bonn cirt a thabhairt do dhíolúine a chinneadh.

2. An coincheap "baol" (an dara ceist i gCás C-37/20)

255. Baineann an dara ceist i gCás C-37/20 leis an gcoincheap "baol" in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849. Tá sí roinnte ina trí chuid.

[129] Féach breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Spiegel Online* (C-516/17, EU:C:2019:625, mír 59).

[130] Féach breithiúnais an 29 Iúil 2019, *Spiegel Online* (C-516/17, EU:C:2019:625, mír 53), agus an 17 Eanáir 2013, *an Coimisiún* v *an Spáinn* (C-360/11, EU:C:2013:17, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[131] Maidir leis an gcritéar "díréireach", féach freisin sa Tuairim seo, an freagra ar an tríú ceist i gCás C-37/20.

256. Sa chéad chuid den cheist sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 sin a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn gurb ionann "baol díréireach" agus foras neamhspleách lena dtugtar bonn cirt do dhíolúine ón rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla nó, mar mhalairt air sin, an ceanglas go mbeadh an baol díréireach mar choinníoll a bhaineann leis na cineálacha sonracha baoil a luaitear san fhoráil sin, eadhon baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe.

257. Tá réasúnaíocht leis an gceist sin sa chás, a thug an chúirt a rinne an tarchur dá haire, go bhfuil éagsúlacht eagarthóireachta idir leaganacha teanga éagsúla d'Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 agus éagsúlacht, i leaganacha teanga áirithe, idir foclaíocht na forála sin agus foclaíocht aithris 36 de Threoir 2018/843, lena mínítear agus lena dtugtar bonn cirt don leagan leasaithe de Threoir 2015/849. [132]

258. De réir cásdlí shocair, áfach, ní féidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i gceann de na leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith ina bunús amháin le léirmhíniú na forála sin agus ní féidir tosaíocht a thabhairt di ar na leaganacha teanga eile. Go deimhin, ní mór forálacha dhlí an Aontais a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha atá i dteangacha uile an Aontais. I gcás go bhfuil éagothromaíocht ann idir na leaganacha teanga éagsúla de théacs de dhlí an Aontais, ní mór an fhoráil atá i gceist a léirmhíniú trí thagairt a dhéanamh do chomhthéacs agus do chuspóir na reachtaíochta a bhfuil an fhoráil mar chuid di. [133]

259. Mar sin féin, is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 185 go 192 den Tuairim seo nach bhfuil baol díréireach sna seacht gcineál baoil a shonraítear go sainráite in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 mar an t-aon chúis amháin lena bhfhéadfaí bonn cirt a thabhairt do dhíolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis an úinéir tairbhiúil, ach aon bhaol díréireach, in imthosca eisceachtúla, go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil.

260. Go sonrach, maidir leis an measúnú lena ndéantar iarracht cinneadh a dhéanamh go bhfuil baol díréireach den sórt sin ann go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil, ní mór é sin a dhéanamh ar bhonn cás ar chás. Ní mór meastóireacht mhionsonraithe ar na himthosca eisceachtúla a bheith san áireamh sa mheasúnú sin agus ní mór é a bheith bunaithe ar anailís ar ghnéithe ábhartha uile an cháis nithiúil.

261. Leis an dara cuid den dara ceist sin i gCás C-37/20, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach mór a chinneadh go bhfuil baol ann nó go bhfuil cineál díréireach ag an mbaol lena gcinntear an teorannú rochtana ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, gan ach na naisc idir an t-úinéir tairbhiúil lena mbaineann agus an t-eintiteas dlíthiúil a n-iarrtar ina leith do theorannú na

[132] Dá bhrí sin, i leaganacha teanga áirithe, lena n-áirítear na leaganacha Fraincise, Spáinnise agus Béarla, tagraítear le téacs leasaithe Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849 don chás ina ndéanfadh an rochtain ar fhaisnéis an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh "do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh], ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe", de réir mar a thagraítear in aithris 36 de Threoir 2018/843 don chás ina ndéanfadh an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh "do bhaol díréireach calaoise, fuadaigh, [dúmháil, sracaidh,] ciaptha, foréigin nó imeaglaithe". Sna leaganacha teanga éagsúla sin, déanfaidh foclaíocht na forála an smaoineamh gurb ionann an "baol díréireach" agus baol neamhspleách féideartha i ndáil leis na seacht gcineál baoil eile a liostaítear, ach, ar an taobh eile, is cosúil go leanann sé ó fhoclaíocht na haithrise sin gur coinníoll é ceanglas na díréire do na seacht gcineál baoil sin a d'fhéadfadh bonn cirt a thabhairt do dhíolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis an úinéir tairbhiúil (ina bharúlacha, tá sé tugtha le fios ag an gCoimisiún go mbaineann na leaganacha Seicise, Danmhairgise, Portaingéilise agus Polainnise leis an ngrúpa seo de leaganacha teanga freisin). I leaganacha teanga eile, lena n-áirítear na leaganacha Gearmáinise agus Iodáilise, níl aon éagsúlacht den sórt sin ann (ina bharúlacha, tá sé tugtha le fios ag an gCoimisiún go mbaineann na leaganacha Gréigise, Ungáirise, Slóvaicise agus Slóivéinise leis an ngrúpa seo de leaganacha teanga freisin).

[133] Féach, go háirithe, breithiúnas an 23 Eanáir 2020, *Bundesagentur für arbeit* (C-29/19, EU:C:2020:36, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

rochtana poiblí ar fhaisnéis a chur san áireamh nó ag cur san áireamh na naisc idir an t-úinéir tairbhiúil sin agus eintitis dhlíthiúla eile chomh maith. Sa chás deireanach sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá an stádas mar úinéir tairbhiúil amháin nó aon nasc le heintitis dhlíthiúla eile a chur san áireamh freisin. Sa chás sin, fiafraíonn an chúirt an bhfuil tionchar ag nádúr an naisc sin ar an measúnú ar an mbaol a bheith ann agus a mhéid.

262. Maidir leis sin, tugaim do m'aire nach bhfuil aon léiriú beacht i dtéacs Threoir 2015/849 maidir leis na hábhair sin. Mar a thugtar faoi deara i mír 260 den Tuairim seo, áfach, ní mór an measúnú lena ndéantar iarracht a chinneadh go bhfuil baol díréireach den sórt sin ann go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, agus measúnú a dhéanamh ar na himthosca eisceachtúla agus é mar aidhm cosaint leordhóthanach an úinéara thairbhiúil ar chur isteach díréireach ar a chearta bunúsacha a áirithiú.

263. Sna himthosca sin, ní féidir a chur as an áireamh, i gcásanna áirithe, chun cosaint leordhóthanach den sórt sin a áirithiú, gur gá a chur san áireamh ní hamháin na naisc idir an t-úinéir tairbhiúil agus an t-eintiteas dlíthiúil is ábhar don iarraidh ar dhíolúine shonrach, ach na naisc atá ag an úinéir tairbhiúil sin le heintitis dhlíthiúla eile freisin.

264. Maidir leis sin, áfach, ar thaobh amháin, aontaím le seasamh an Choimisiúin lena meastar, ós rud é gur ceist é maidir le measúnú a dhéanamh ar an mbaol a thabhaíonn duine mar úinéir tairbhiúil eintitis dhlíthiúil amháin nó níos mó, nach mór do na naisc lena mbaineann a bheith ina ngné dhílis de stádas úinéir tairbhiúil na n-eintiteas sin, ionas nach féidir, i bprionsabal, aon nasc eile a chur san áireamh sa mheasúnú.

265. Ar an taobh eile, is faoin úinéir nó an t-eintiteas atá ag iarraidh díolúine ón rochtain phoiblí ar fhaisnéis atá sé chun a chruthú go bhfuil na naisc atá ag an úinéir tairbhiúil le heintitis dhlíthiúla, seachas iadsan dá dtagraítear san iarraidh ar dhíolúintí, ina ngné ábhartha den mheasúnú ar an mbaol díréireach go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha agus a chruthú go dtugtar bonn cirt nó tacaíocht, mar gheall ar na naisc sin, leis an mbreith sin gurbh ann don bhaol díréireach den sórt sin nó go bhfuil sé díréireach. Tá leithdháileadh den sórt sin den dualgas cruthúnais,[134] lena n-éilítear ar an duine iarrthach a léiriú gurb ann do na naisc sin agus go bhfuil siad ábhartha chun an díolúine a dheonú, riachtanach ionas go seachnófaí cás mar a bhí samhlaithe ag Rialtas na hOstaire, ina mbeadh údaráis inniúla na mBallstát faoi réir na hoibleagáide chun imscrúduithe a dhéanamh *ex officio* le raon feidhme míréasúnta chun a áirithiú nach ann do bhaol díréireach go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla.

266. Leis an tríú cuid den dara ceist i gCás C-37/20, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, le léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn gur féidir díolúine ón rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis an úinéir tairbhiúil a dheonú i gcás ina bhfuil rochtain éasca ag tríú páirtithe ar an bhfaisnéis sin trí mheán faisnéise eile.

267. Ar an bpointe sin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún agus Rialtas na hOstaire, measaim, ós rud é, mar atá léirithe cheana i míreanna 260 agus 262 den Tuairim seo, go gceanglaítear le Treoir 2015/849 ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar díolúintí ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a dheonú ar bhonn measúnú mionsonraithe ar chineál eisceachtúil na n-imthosca agus trí thagairt a dhéanamh don bhaol a eascraíonn as nochtadh na faisnéise sin, ní

[134] Ar na ceanglais maidir le cruthúnais, féach freisin, sa Tuairim seo, an freagra ar cheist 2(a) i gCás C-601/20.

mór Airteagal 30(9) den Treoir sin a léirmhíniú mar Airteagal lena n-eisiatar go hintuigthe an fhéidearthacht díolúine den sórt sin a dheonú i gcás ina bhfuil rochtain éasca ag tríú páirtithe ar an bhfaisnéis sin trí mheáin faisnéise eile.

3. Na ceanglais maidir le cruthúnas ar bhaol díréireach (ceist 2(a) i gCás C-601/20)

268. I gceist 2(a) i gCás C-601/20, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras, go bunúsach, faoi na ceanglais maidir le cruthúnas ar bhaol díréireach agus imthosca eisceachtúla, nach mór a sholáthar chun bonn cirt a thabhairt do dhíolúine faoi Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849.

269. Maidir leis, ar an gcéad dul síos, an *dualgas cruthúnais*, níl aon díospóid ann go dtiteann an t-ualach sin ar an úinéir tairbhiúil. Is faoin úinéir tairbhiúil atá sé a léiriú don údarás nó don chomhlacht atá freagrach as an gclár a choimeád go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30(9) den Treoir sin comhlíonta. Chuige sin, ní féidir a cheangal ar an údarás nó ar an gcomhlacht sin a ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha féin a dhéanamh, a d'fhéadfadh raon feidhme foriomlán a bheith acu, chun a chinneadh an ann d'imthosca eisceachtúla agus do bhaol díréireach. Ní mór don údarás nó don chomhlacht sin a bheith ag brath ar an bhfianaise a chuirfidh an t-úinéir tairbhiúil ar fáil mar thaca lena iarratas ar an díolúine.

270. Ar an dara dul síos, maidir leis an [g]*caighdeán cruthúnais*, measaim nach mór don úinéir tairbhiúil a chruthú go bhfuil baol díréireach ann go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha agus go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a bhfuil dóchúlacht leordhóthanach ag baint leo.

271. Chuige sin, ní leor an baol cianda nó hipitéiseach go ndéanfaí dochar dó. Ina theannta sin, ní féidir leis an tuiscint ar bhaol díréireach a bheith suibiachtúil, agus ní mór dó a bheith bunaithe ar ghnéithe nithiúla, réadacha agus reatha. Chuige sin, ní mór don úinéir tairbhiúil tásca nithiúla, cruinne agus substaintiúla a thabhairt maidir leis na bagairtí ar a chearta bunúsacha agus maidir le himthosca eisceachtúla.

4. An critéar "díréir" (an tríú ceist i gCás C-37/20)

272. I gcomhthéacs an tríú ceist i gCás C-37/20, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoin gcritéar maidir le "díréir" an bhaoil lena dtugtar bonn cirt le rochtain ar fhaisnéis a theorannú, dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/843.

273. Fiafraíonn an chúirt sin cad iad na leasanna éagsúla nach mór a chur san áireamh le linn measúnú a dhéanamh maidir le baol díréireach a bheith ann don úinéir tairbhiúil lena dtugtar bonn cirt, de bhua Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, do dhíolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis. Measann an chúirt go n-úsáidtear an critéar seo, go ginearálta, chun go ndéanfaí dhá leas a bhfuil fiúntas cosanta comhionann iontu a chothromú agus mar sin tá an chúirt ag déanamh machnaimh ar na leasanna atá i gcoinbhleacht atá le spáráil agus é á chur i bhfeidhm. Dar léi, is cosúil go bhfuil, ar thaobh amháin, cuspóir na trédhearcachta atá á shaothrú le Treoir 2015/849 agus, ar an taobh eile, cosaint iomláine fhisiceach, mhorálta agus mhaoine an úinéara thairbhiúil, a chumhdaítear leis an gcúram go gcoiscfí baol ginearálta agus/nó na cineálacha sonracha baoil dá dtagraítear in Airteagal 30(9) den Treoir sin, ag teacht salach ar a chéile. Mar sin féin, tagraítear freisin in aithris 36 de Threoir 2018/843 don cheart maidir le hurraim don saol príobháideach agus don cheart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.

274. Maidir leis sin, tugadh faoi deara i míreanna 138 agus a leanas den Tuairim seo go bhfuil an cuspóir maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, tríd an leibhéal trédhearcachta a mhéadú maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, ina phríomhchuspóir ag córas na rochtana poiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, a bunaíodh tar éis na n-athruithe a tugadh isteach le Treoir 2018/843. Ní thagann an cuspóir sin go díreach, áfach, faoi raon feidhme na gceart bunúsach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil sé d'aidhm ag na díolúintí ó phrionsabal na rochtana poiblí ar an bhfaisnéis sin, dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, atá léirmhínithe go docht, cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an cuspóir sin, atá, mar a luaitear i míreanna 38 go 48, 144 agus 189 den Tuairim seo, nasctha le ceanglais raon feidhme an dlí phríomha, agus urraim do chearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla, mar atá luaite go sainráite chuige sin in aithris 34 de Threoir 2018/843. Thairis sin, mar is léir ó phrionsabail an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 188 agus 250 den Tuairim seo, níor chóir go mbeadh an léirmhíniú ar Threoir 2015/849 ag teacht salach ar na cearta bunúsacha dá bhforáiltear sa Chairt.

275. Sa chomhthéacs sin, in ionad tagairt a dhéanamh, mar a rinne an chúirt a rinne an tarchur, do chothromaíocht idir "leasanna éagsúla", is cosúil, dar liom, go bhfuil sé níos iomchuí an anailís a leagan amach trí thagairt a dhéanamh do dhíolúintí a bheith ann ó phrionsabal ginearálta na rochtana poiblí, agus é mar aidhm ag na díolúintí sin cosc a chur ar chur isteach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil, a d'fhéadfadh, in imthosca eisceachtúla, a bheith mar thoradh ar an rochtain sin. Sna himthosca sin, is é cúram na n-údarás náisiúnta atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarraidh ar díolúine ná a fhíorú gurb ann d'imthosca eisceachtúla lena gcuirfí an t-úinéir tairbhiúil i mbaol díréireach go gcuirfí isteach ar cheann amháin nó níos mó de na cearta bunúsacha dá bhforáiltear sa Chairt.

276. Léirítear na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt le rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla in aithrisí 30 agus 31 de Threoir 2018/843 agus luaitear iad i míreanna 139 go 142 den Tuairim seo. Baineann siad, *inter alia*, ar an gcéad dul síos, leis an bhféidearthacht grinnscrúdú níos mó a dhéanamh ar fhaisnéis ag an tsochaí shibhialta a thacaíonn le hiontaoibh i sláine na n-idirbheart gnó agus an chórais airgeadais a chaomhnú; ar an dara dul síos, le rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne mhí-úsáid na n-eintiteas corparáideach agus na gcomhshocruithe dlíthiúla eile chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta; agus, ar an tríú dul síos, leis an éascú a dhéantar ar chur ar fáil tráthúil agus éifeachtúil faisnéise d'institiúidí airgeadais agus d'údaráis a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh na gcionta sin.

277. Thairis sin, thug mé do m'aire cheana féin i míreanna 220 agus 221 den Tuairim seo, mar is léir ó chásdlí na Cúirte, go bhfuil bonn cirt ann go bhfuil sé d'oibleagáid ar dhaoine nádúrtha a roghnaíonn páirt a ghlacadh i malartuithe eacnamaíocha mar úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile faisnéis áirithe a chur ar fáil lena bhféadfar iad a shainaithint mar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas dlíthiúil sin, go háirithe ós rud é go bhfuil siad ar an eolas faoin oibleagáid sin nuair a chinneann siad dul i mbun gníomhaíocht den sórt sin. [135]

278. Mar sin féin, i gcomhthéacs an mheasúnaithe atá le déanamh le linn chur i bhfeidhm Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, cé go leanann sé ón méid roimhe seo, sa chothromaíocht atá le baint amach i gcomhthéacs na forála sin, go bhfuil tosaíocht, mar phrionsabal ginearálta, ag leas an phobail chun rochtain a bheith ag daoine ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla, foráiltear go sainráite go bhféadfadh cásanna sonracha a bheith ann ina bhfuil forais dhlisteanacha

[135] Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 59).

an-láidir a bhaineann le cás sonrach an úinéara thairbhiúil lena mbaineann lena dtugtar bonn cirt eisceachtúil le teorainn a chur leis an rochtain phoiblí ar fhaisnéis a bhaineann leis chun an baol go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha a sheachaint. [136]

279. I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ba cheart, i mo thuairim, a chur in iúl leis an bhfreagra ar an tríú ceist, agus measúnú á dhéanamh maidir le baol díréireach a bheith ann don úinéir tairbhiúil lena dtugtar bonn cirt, de bhua Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, do dhíolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis an réamhrialú, gur chóir a chur san áireamh, ar thaobh amháin, na cineálacha sonracha baoil dá dtagraítear san fhoráil sin agus cearta bunúsacha an duine lena mbaineann, go háirithe an ceart maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, atá cosanta faoi Airteagail 7 agus 8 den Chairt faoi seach, agus ar an taobh eile, leas an phobail agus na sochaí ina hiomláine chun eolas a bheith acu maidir le céannacht na n-úinéirí tairbhiúla chun úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

IV. Conclúid

I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim don Chúirt na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú ón tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg) i gCásanna C-37/20 agus C-602/20 a fhreagairt mar a leanas:

(1) Tá an dara fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018, neamhbhailí a mhéid a fhoráiltear léi go bhfuil aon duine den phobal i gcoitinne i dteideal rochtain a bheith aige "ar a laghad" ar na sonraí a shonraítear inti, agus ar an gcaoi sin foráiltear go mbeidh deis ag aon duine den phobal i gcoitinne rochtain a bheith aige ar shonraí a bhaineann le húinéirí tairbhiúla seachas na sonraí sin a luaitear san fhomhír chéanna.

(2) Tá an tríú fomhír d'Airteagal 30(5) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, neamhbhailí.

(3) Ní mór Airteagal 30(5a) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 52(1) den Chairt, a léirmhíniú amhail gur faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go bhfuil na comhlachtaí nó na húdaráis atá freagrach as cláir na n-úinéirí tairbhiúla a choimeád ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar an gclár sin.

(4) Tá Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, arna léamh i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe Airteagal 51(1) di, le léirmhíniú ar chaoi a fhágann go bhfuil na Ballstáit ní hamháin in ann foráil a dhéanamh do dhíolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá i gcláir náisiúnta na n-úinéirí tairbhiúla, ach go bhfuil sé de cheangal orthu foráil a dhéanamh dóibh agus iad a dheonú

[136] Féach chuige sin, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 60).

más rud é go ndéanfadh an rochtain sin an t-úinéir tairbhiúil, in imthosca eisceachtúla, a nochtadh do bhaol díréireach go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha, mar a fhoráiltear sa Chairt, bailí.

(5) Leis an scrúdú ar an gcéad cheist agus an dara ceist, faoi (b), i gCás C-601/20, níor nochtadh aon ghné eile lena bhféadfaí difear a dhéanamh do bhailíocht Airteagal 30(5) agus (9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843.

(6) Ní mór forálacha Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a léirmhíniú ar chaoi nach gcuirtear cosc leo ar chlár atá ar fáil don phobal go pointe áirithe, gan gá leas dlisteanach ná teorainn ar bith ar shuíomh an phobail a léiriú. Ní fhéadfar an t-aistriú ón gclár sin a dhéanamh, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 49(1)(g) den Rialachán sin, ach amháin ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha maidir le comhairliúchán ar chlár atá leagtha síos sa dlí comhlíonta agus ar choinníoll nach mbaineann an comhairliúchán sin leis an gclár iomlán.

(7) Ní mór Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn gur faoi na Ballstáit atá sé na cásanna arb ionann iad agus "imthosca eisceachtúla" de réir bhrí na forála sin a shainiú ina ndlí náisiúnta. Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas breise sa Treoir sin a léiríonn an fhoirm faoina gcaithfidh na Ballstáit an coincheap sin a chinneadh, níl aon ní ann chun cosc a chur ar Bhallstát "imthosca eisceachtúla" a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh do na cásanna dá dtagraítear cheana san fhoráil sin agus do na cásanna sin amháin, ar choinníoll, áfach, go bhféadfar úinéirí tairbhiúla a chosaint ar chur isteach díréireach ar a gcearta bunúsacha de bharr thrasuí na Treorach sin sa dlí náisiúnta. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúirt náisiúnta cineál agus raon feidhme na n-imthosca eisceachtúla lena n-údaraítear díolúintí ó rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla a chinneadh go sonrach, sa mhéid a bhfuil gá leis chun cearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla a chosaint go hiomlán agus sa mhéid sin amháin. Ní mór a chur san áireamh leis an gcinneadh seo: ar an gcéad dul síos, nach mór measúnú mionsonraithe ar chineál "eisceachtúil" na n-imthosca a dhéanamh ar bhonn cás ar chás; ar an dara dul síos, maidir leis na díolúintí ón riail ghinearálta, ní mór, i bprionsabal, an fhoráil lena mbaineann a léirmhíniú go docht; agus, ar an tríú dul síos, nach mór na himthosca a d'fhéadfadh bonn cirt a thabhairt don díolúine a bheith neamhghnách agus a bheith ina gcúis le baol díréireach go gcuirfí isteach ar na cearta bunúsacha.

(8) Ní mór Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn go bhfuil an ceanglas go mbeadh an baol díréireach mar choinníoll a bhaineann leis an mbaol sonrach a luaitear san fhoráil sin, eadhon an baol calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaidh, ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe, chomh maith le haon sáruithe ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil lena dtugtar bonn cirt do dhíolúine ón rochtain phoiblí ar fhaisnéis a bhaineann leis. Féadfar a chinneadh go bhfuil an baol sin ann agus go bhfuil sé de chineál díréireach, nuair is cuí, trí na naisc atá ag an úinéir tairbhiúil i dtrácht leis na heintitis chorparáideacha, agus na heintitis dhlíthiúla eile, chomh maith le hiontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna comhchosúla acu leis na hiontaobhais, mar úinéir tairbhiúil na n-eintiteas corparáideach, seachas an ceann sin a n-iarrtar díolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis ina leith a chur san áireamh. Is faoin úinéir nó an t-eintiteas atá ag iarraidh díolúine ón rochtain phoiblí ar

fhaisnéis, áfach, atá sé chun a chruthú go bhfuil na naisc ina ngnéithe ábhartha lena dtugtar bonn cirt nó tacaíocht do bhaol díréireach a bheith ann go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha an úinéara thairbhiúil i dtrácht. Eisiatar le hAirteagal 30(9) an fhéidearthacht díolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéir tairbhiúil a dheonú i gcás ina bhfuil rochtain éasca ag tríú páirtithe ar an bhfaisnéis sin trí mheán faisnéise eile.

(9) Is faoin úinéir tairbhiúil lena mbaineann atá sé an baol díréireach agus na himthosca eisceachtúla a chruthú, lena bhféadfaí bonn cirt a thabhairt do dhíolúine faoi Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843. Chun na críche sin, ní mór don úinéir tairbhiúil a chruthú go bhfuil baol díréireach ann go gcuirfí isteach ar a chearta bunúsacha agus go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a bhfuil dóchúlacht leordhóthanach ag baint leo agus ní mór tásca nithiúla, cruinne agus substaintiúla a thabhairt maidir leis na bagairtí ar a chearta bunúsacha agus maidir le himthosca eisceachtúla.

(10) Maidir le measúnú a dhéanamh an bhfuil baol díréireach ann don úinéir tairbhiúil a thugann bonn cirt, de bhua Airteagal 30(9) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, do dhíolúine ó rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir leis, ba cheart a chur san áireamh, ar thaobh amháin, na cineálacha sonracha baoil dá dtagraítear san fhoráil sin, agus cearta bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí, go háirithe an ceart maidir le hurraim don saol príobháideach agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, atá cosanta faoi Airteagail 7 agus 8 den Chairt faoi seach, agus ar an taobh eile, leas an phobail agus na sochaí ina hiomláine chun eolas a bheith acu maidir le céannacht na n-úinéirí tairbhiúla chun úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.